2024/2914

26.11.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2914 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Samhain 2024

maidir leis na sonraí atá le soláthar le haghaidh na bliana tagartha 2026 de bhun Rialachán (AE) 2018/1091 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh comhtháite feirme a mhéid a bhaineann le liosta na n-athróg agus a dtuairisc

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1091 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir le staidreamh comhtháite feirme agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1166/2008 agus (AE) Uimh. 1337/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 5(4) agus Airteagal 8(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déantar foráil le Rialachán (AE) 2018/1091 maidir le creat le haghaidh staidreamh Eorpach ar ghabháltais talmhaíochta agus maidir le faisnéis faoina struchtúr a chomhcheangal le faisnéis faoi mhodhanna táirgthe, bearta forbartha tuaithe, gnéithe agra-chomhshaoil agus le faisnéis ghaolmhar eile.

(2) Le haghaidh na bliana tagartha 2026, agus de bhun Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) 2018/1091, ba cheart don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena sonraítear an tuairisc ar na hathróga a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán ina dtagraítear d'athróga na gcroí-shonraí struchtúracha.

(3) De bhun Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2018/1091, tá an Coimisiún leis na hathróga a bhailiú le haghaidh na bliana tagartha 2026 a liostú agus tuairisc a thabhairt orthu, ar athróga iad a chomhfhreagraíonn do na topaicí agus na topaicí mionsonraithe sna modúil seo a leanas in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán: 'Lucht saothair agus gníomhaíochtaí sochracha eile', 'Forbairt tuaithe', 'Tithíocht ainmhithe agus bainistiú ar aoileach' agus 'Fíonghoirt'.

(4) Tá na bearta sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach ([2]).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo an tuairisc ar athróga na gcroí-shonraí struchtúracha a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1091.

2. Liosta na n-athróg le haghaidh topaicí agus topaicí mionsonraithe i ngach modúl, leagtar amach é in Iarscríbhinn II.

3. Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III a bheidh na tuairiscí ar na hathróga atá le húsáid ag na Ballstáit i dtaca leis na topaicí agus na topaicí mionsonraithe i ngach modúl a liostaítear in Iarscríbhinn II.

([1]) IO L 200, 7.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1091/oj.

([2]) Arna bhunú le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE ón gComhairle, Euratom lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/223/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Tuairisc ar na hathróga a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1091 atá le húsáid le haghaidh na gcroí-shonraí struchtúracha ([1])

I. **ATHRÓGA GINEARÁLTA**		
Faisnéis suirbhé		
CGNR 001	-	**Aitheantóir an ghabháltais talmhaíochta** Is aitheantóir uimhriúil uathúil é aitheantóir uathúil an ghabháltais talmhaíochta le haghaidh tharchur na sonraí.
Suíomh an ghabháltais talmhaíochta		
Tá an gabháltas talmhaíochta suite mar a bhfuil an fheirm i mbun a príomhghníomhaíochta talmhaíochta.		
CGNR 002	-	**Suíomh geografach** Cód cille ghreille na n-Aonad Staidrimh INSPIRE 1 km le haghaidh úsáid uile-Eorpach ([2]) san áit ina bhfuil an fheirm suite. Ní úsáidfear an cód sin ach amháin chun críoch tarchurtha. Chun sonraí a scaipeadh, mar aon leis na gnáthshásraí rialaithe nochta le haghaidh sonraí i bhfoirm táblaí, ní úsáidfear an ghreille 1 km ach amháin má bhíonn níos mó ná 10 ngabháltas talmhaíochta sa ghreille; ina éagmais sin, úsáidfear greillí neadaithe 5 km, 10 km nó níos mó ná sin de réir mar is gá.
CGNR 003	-	**Réigiún NUTS 3** Cód réigiún NUTS 3 ([3]) (de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4])) ina bhfuil an gabháltas suite.
CGNR 004	-	**Tá limistéir sa ghabháltas talmhaíochta atá ainmnithe ina limistéir a bhfuil srianta nádúrtha orthu faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** ([5]) Tá faisnéis faoi limistéir a bhfuil srianta nádúrtha ag bagairt orthu le soláthar i gcomhréir le hAirteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 nó, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir leis an reachtaíocht is déanaí. L — tá an gabháltas talmhaíochta suite i limistéar nach limistéar sléibhtiúil é a bhfuil srianta móra nádúrtha ag bagairt air M — tá an gabháltas talmhaíochta suite i limistéar sléibhtiúil O — tá an gabháltas talmhaíochta suite i limistéar eile a bhfuil srianta sonracha air N — níl an gabháltas talmhaíochta suite i gcuid de limistéar a bhfuil srianta nádúrtha ag bagairt air
Pearsantacht dhlítheanach an ghabháltais talmhaíochta		
Braitheann pearsantacht dhlítheanach an ghabháltais talmhaíochta ar stádas an tsealbhóra.		
		Tá freagracht dhlíthiúil agus eacnamaíoch an ghabháltais talmhaíochta glactha ag:

([1]) Féadfaidh na cóid agus na haitheantóirí coincheapa a úsáidtear le linn tarchur iarbhír sonraí a bheith éagsúil leis na cóid agus na haitheantóirí coincheapa a léirítear san Iarscríbhinn.

([2]) Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1089/2010 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2010 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2007/2/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hidir-inoibritheacht tacar agus seirbhísí sonraí spásúla (IO L 323, 8.12.2010, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1089/oj).

([3]) NUTS: Ainmníocht na n-aonad críche maidir le staidreamh.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 maidir le haicmiú comhchoiteann aonad críche le haghaidh staidrimh (NUTS) (IO L 154, 21.6.2003, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1059/oj).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 487, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1305/oj).

CGNR 005	-	**Duine nádúrtha arb é an sealbhóir aonair é, i gcás inar gabháltas talmhaíochta neamhspleách é** Duine nádúrtha amháin atá ina shealbhóir aonair ar ghabháltas talmhaíochta nach bhfuil nasctha le haon ghabháltais talmhaíochta de chuid sealbhóirí eile, trí chomhbhainistíocht nó trí shocruithe comhchosúla. *Is é* ***gabháltais talmhaíochta sealbhóra aonair*** *a thugtar ar ghabháltais talmhaíochta a chomhlíonann an coinníoll seo.*				
CGNR 006	-	-	**Más ea, an é an sealbhóir an bainisteoir freisin?**			
CGNR 007	-	-	-	**Murab ea, an duine de mhuintir an tsealbhóra an bainisteoir?**		
CGNR 008	-	-	-	-	**Más ea, an é céile an tsealbhóra an bainisteoir?**	
CGNR 009	-	**Úinéireacht chomhroinnte** Daoine nádúrtha, ar sealbhóirí aonair iad ar ghabháltas talmhaíochta nach bhfuil nasctha le haon ghabháltais talmhaíochta de chuid sealbhóirí eile, agus a roinneann úinéireacht agus bainistiú an ghabháltais talmhaíochta.				
CGNR 010	-	**Beirt daoine nádúrtha nó níos mó ar comhpháirtithe iad, i gcás inar gabháltas talmhaíochta grúpa é an gabháltas** Is éard is comhpháirtí/comhpháirtithe ar ghabháltas grúpa ann daoine nádúrtha a bhfuil úinéireacht acu le chéile ar ghabháltas talmhaíochta amháin nó a bhfuil gabháltas talmhaíochta amháin ar cíos acu le chéile nó a bhainistíonn gabháltas talmhaíochta amháin le chéile ar shlí eile, nó a bhainistíonn a ngabháltais aonair le chéile amhail is dá mba gabháltas amháin iad. Ní mór an comhoibriú sin a bheith i gcomhréir leis an dlí nó trí chomhaontú i scríbhinn.				
CGNR 011	-	**Duine dlítheanach** Eintiteas dlíthiúil seachas duine nádúrtha ach a bhfuil cearta agus dualgais duine aonair aige, amhail an cumas agra a dhéanamh nó an cumas agra a bheith déanta air (rud is inniúlacht dhlíthiúil ghinearálta ann féin).				
CGNR 012	-	-	**Más ea, an bhfuil an gabháltas talmhaíochta ina chuid de ghrúpa fiontar?** Is éard is grúpa fiontar ann comhlachas fiontar atá ceangailte le chéile trí naisc dhlíthiúla agus/nó naisc airgeadais agus atá á rialú ag ceann an ghrúpa. *Is éard is fiontar ann an comhcheangal is lú d'aonaid dlí, ar aonad eagraíochtúil é a tháirgeann earraí nó seirbhísí agus a bhaineann tairbhe as leibhéal áirithe uathrialach cinnteoireachta, go háirithe maidir lena acmhainní reatha a leithdháileadh. Déanann fiontar gníomhaíocht amháin, nó níos mó ná sin, in aon suíomh amháin nó i roinnt suíomhanna. Féadfaidh fiontar a bheith ina aonad dlí aonair.*			
CGNR 013	-	**Aonad talún coimín is ea an gabháltas talmhaíochta** Chun sonraí a bhailiú agus a thaifeadadh, is éard atá i ngabháltas talmhaíochta 'aonaid talún coimín' eintiteas arb éard atá ann an limistéar talmhaíochta a úsáidtear (LTÚ) atá in úsáid ag gabháltais talmhaíochta eile faoi chearta coimín.				
CGNR 014	-	**Tairbhí de thacaíocht ón Aontas do thalamh nó ainmhithe ar an ngabháltas talmhaíochta is ea an sealbhóir, agus tá sé ar áireamh sa Chóras Comhtháite Riaracháin agus Rialúcháin (CCRR) dá bhrí sin** Is feirmeoir gníomhach é an sealbhóir de réir bhrí Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) nó, i gcás inarb infheidhme, de réir bhrí na reachtaíochta is déanaí agus glacadh leis an iarratas ar fhóirdheontas.				

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear rialacha maidir le híocaíocht dhíreach le feirmeoirí faoi scéimeanna tacaíochta faoi chuimsiú an chomhbheartais talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 637/2008 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 73/2009 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 608, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1307/oj).

CGNR 015	-	**Feirmeoir óg nó iontrálaí nua san fheirmeoireacht is ea an sealbhóir a bhfuil tacaíocht airgeadais faighte aige chuige sin faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) sna 3 bliana roimhe seo** Maidir leis an tacaíocht airgeadais, is féidir tagairt a dhéanamh inti d'íocaíochtaí díreacha faoi Airteagail 50 agus 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 nó do thacaíocht arna soláthar trí chláir forbartha tuaithe faoi Airteagal 19(1), pointe (a)(i) – cabhair nuathionscanta gnó d'fheirmeoirí óga faoi Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 nó, i gcás inarb infheidhme, an reachtaíocht is déanaí.

Bainisteoir an ghabháltais talmhaíochta

Is é ***bainisteoir*** *an ghabháltais talmhaíochta an duine nádúrtha atá freagrach as gnáthghníomhaíochtaí laethúla airgeadais agus táirgthe an ghabháltais talmhaíochta.*

Is éard atá in ***obair feirme*** *gach cineál oibre ar an ngabháltas talmhaíochta a rannchuidíonn le ceachtar díobh seo a leanas:*

(i) *na gníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 2, pointe (a) de Rialachán (AE) 2018/1091*

(ii) *an modh táirgthe a choinneáil ar bun;*

(iii) *na gníomhaíochtaí a dhíorthaítear go díreach ó na gníomhartha táirgiúla sin.*

Is éard atá san ***am a chaitear ar obair feirme*** *ar an ngabháltas talmhaíochta an t-am oibre a chaitear iarbhír ar obair feirme le haghaidh an ghabháltais talmhaíochta, gan obair i dtithe an tsealbhóra nó an bhainisteora a chur san áireamh.*

Is éard atá in ***aonad oibrithe bliantúil*** *an fhostaíocht choibhéiseach lánaimseartha, i.e. iomlán na n-uaireanta oibrithe roinnte ar mheánlíon bliantúil na n-uaireanta i bpoist lánaimseartha sa tír.*

Ciallaíonn ***lánaimseartha*** *na huaireanta íosta a cheanglaítear faoi na rialacha náisiúnta a rialaíonn conarthaí fostaíochta. Mura luaitear líon na n-uaireanta bliantúla, glacfar 1 800 uair an chloig mar an figiúr íosta (225 lá oibre agus 8 n-uaire an chloig in aghaidh an lae).*

CGNR 016	-	**Bliain bhreithe** Bliain bhreithe bhainisteoir an ghabháltais talmhaíochta
CGNR 017	-	**Gnéas** Gnéas bhainisteoir an ghabháltais talmhaíochta: F — Fireann B — Baineann
CGNR 018	-	**Obair feirme ar an ngabháltas talmhaíochta (seachas obair tí)** Banda céatadáin na n-aonad oibrithe bliantúil ([7]) d'obair feirme a dhéanann bainisteoir an ghabháltais talmhaíochta.
CGNR 019	-	**An bhliain ina ndearnadh an t-aicmiú mar bhainisteoir an ghabháltais talmhaíochta** An bhliain inar ghlac bainisteoir an ghabháltais talmhaíochta leis an ról sin
CGNR 020	-	**Oiliúint talmhaíochta an bhainisteora** An leibhéal oideachais talmhaíochta is airde a fuair an bainisteoir: PRACT — taithí phraiticiúil thalmhaíochta amháin, má fuarthas taithí an bhainisteora trí obair phraiticiúil ar ghabháltas talmhaíochta; BASIC — bunoiliúint talmhaíochta, má rinne an bainisteoir aon chúrsa oiliúna a cuireadh i gcrích i gcoláiste ginearálta talmhaíochta agus/nó institiúid a bhfuil speisialtóireacht acu ar ábhair áirithe (lena n-áirítear gairneoireacht, fíonsaothrú, foraoiseolaíocht, feirmeoireacht éisc, tréidliacht, teicneolaíocht talmhaíochta agus ábhair ghaolmhara); féachtar ar phrintíseacht talmhaíochta a cuireadh i gcrích mar bhunoiliúint;

([7]) Aonad oibre bliantúil (AOB) banda céatadáin 2: (> 0-< 25), (≥ 25-< 50), (≥ 50-< 75), (≥ 75-< 100), (100).

		FULL — lán-oiliúint talmhaíochta, má rinne an bainisteoir aon chúrsa oiliúna go leanúnach ar feadh méid ama is comhionann le 2 bhliain ar a laghad d'oiliúint lánaimseartha, tar éis dheireadh an oideachais éigeantaigh, an cúrsa sin curtha i gcrích i gcoláiste talmhaíochta nó in ollscoil nó institiúid ardoideachais eile, ar cúrsa é sa talmhaíocht, sa ghairneoireacht, san fhíonsaothrú, san fhoraoiseolaíocht, san fheirmeoireacht éisc, sa tréidliacht, sa teicneolaíocht talmhaíochta nó in ábhar gaolmhar.
CGNR 021	-	**Gairmoiliúint a rinne bainisteoir le linn na 12 mhí anuas** Más rud é go ndeachaigh an bainisteoir faoi ghairmoiliúint, faoi bheart oiliúna nó faoi ghníomhaíocht a cuireadh ar fáil ag oiliúnóir nó ag institiúid oiliúna atá dírithe go príomha ar scileanna nua a fháil a bhaineann le gníomhaíochtaí feirme nó le gníomhaíochtaí a bhaineann go díreach leis an ngabháltas talmhaíochta nó le forbairt agus feabhsú na scileanna atá ann cheana.

An cineál seilbhe (atá ag an sealbhóir) ar an LTÚ

Braitheann an cineál seilbhe ar an staid cúrsaí ar lá tagartha de bhliain an tsuirbhé.

CGNR 022	-	**Feirmeoireacht ar thalamh dílis** Heicteáir de LTÚ a shaothraíonn an gabháltas talmhaíochta agus atá i seilbh an tsealbhóra mar mhaoin nó a shaothraíonn an sealbhóir atá ag gníomhú mar dhuine a bhfuil ceart úsáidte aige nó mar léasóir fadtéarmach inoidhreachta nó faoi sheilbh de chineál eile atá coibhéiseach.
CGNR 023	-	**Feirmeoireacht ar thalamh ar cíos** Heicteáir de LTÚ atá ar cíos ag an ngabháltas talmhaíochta mar mhalairt ar chíos seasta a comhaontaíodh roimh ré (in airgead tirim, i gcomhchineál nó ar shlí eile), agus a bhfuil comhaontú tionóntachta (i scríbhinn nó ó bhéal) ann ina leith. Ní leithdháiltear an LTÚ ach ar ghabháltas talmhaíochta amháin. Más rud é go gcuirtear an LTÚ amach ar cíos do níos mó ná gabháltas talmhaíochta amháin le linn na bliana tagartha, déantar é a leithdháileadh de ghnáth ar an ngabháltas talmhaíochta lena bhfuil sé comhlachaithe ar lá tagartha an tsuirbhé nó an ceann ar bhain sé úsáid as don tréimhse is faide le linn na bliana tagartha.
CGNR 024	-	**Sciarfheirmeoireacht nó modhanna seilbhe eile** Heicteáir de LTÚ atá: a) comhroinnte, rud a chiallaíonn go ndearna an tiarna talún agus méiteagáisteoir feirmeoireacht i gcomhpháirtíocht orthu faoi chonradh méiteagáiste scríofa nó faoi chonradh méiteagáiste ó bhéal. Déantar aschur an limistéir a bhfuil méiteagáiste déanta air (bíodh sé sin ina aschur eacnamaíoch nó fisiceach) a chomhroinnt idir an dá pháirtí ar bhonn comhaontaithe; b) faoi mhodhanna eile seilbhe nach gcumhdaítear in áit ar bith eile faoi na hítimí a tháinig roimhe seo.
CGNR 025	-	**Talamh coimín** Heicteáir de LTÚ a úsáideann an gabháltas talmhaíochta ach nach mbaineann go díreach leis, i.e. a bhfuil feidhm ag cearta coimín ina leith.
CGNR 026	-	**Feirmeoireacht orgánach** Tá modhanna táirgthe ag an ngabháltas talmhaíochta a chomhlíonann (i) Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) nó, i gcás inarb infheidhme, an reachtaíocht is déanaí, agus (ii) na rialacha cur chun feidhme náisiúnta comhfhreagracha maidir le táirgeadh orgánach.
CGNR 027	-	**LTÚ iomlán an ghabháltais talmhaíochta agus ar a ndéantar modhanna táirgthe den fheirmeoireacht orgánach a chur i bhfeidhm, agus iad deimhnithe de réir rialacha náisiúnta nó rialacha an Aontais Eorpaigh** Heicteáir de LTÚ an ghabháltais talmhaíochta ar ar cuireadh modhanna táirgthe i bhfeidhm at chomhlíonann go hiomlán (i) Rialachán (AE) Uimh 834/2007 nó, i gcás inarb infheidhme, an reachtaíocht is déanaí agus (ii) na rialacha cur chun feidhme náisiúnta comhfhreagracha maidir le deimhniúchán an táirgthe orgánaigh.

([8]) Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle (IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/oj).

CGNR 028	-	**LTÚ iomlán den ghabháltas talmhaíochta a úsáidtear agus atá á thiontú go modhanna táirgthe den fheirmeoireacht orgánach, agus atá le deimhniú de réir rialacha náisiúnta nó rialacha an Aontais Eorpaigh** Heicteáir de LTÚ an ghabháltais talmhaíochta ar ar cuireadh modhanna táirgthe orgánaigh i bhfeidhm le linn an aistrithe ó tháirgeadh neamhorgánach go táirgeadh orgánach laistigh de thréimhse ar leith ('tréimhse tiontaithe') faoi mar a leagtar amach iad i Rialachán (AE) 2018/848 nó, i gcás inarb infheidhme, sa reachtaíocht is déanaí agus (ii) sna rialacha cur chun feidhme náisiúnta comhfhreagracha maidir le deimhniúchán an táirgthe orgánaigh.
CGNR 029	-	**Rannpháirteach i scéimeanna deimhniúcháin comhshaoil eile** Tá an gabháltas talmhaíochta rannpháirteach i scéimeanna deimhniúcháin comhshaoil náisiúnta nó réigiúnacha amhail na scéimeanna dá dtagraítear in Airteagal 43, mír 2 agus mír 3, pointe (b) de Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 nó in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis (scéimeanna deimhniúcháin atá ann faoi láthair arb ionann iad agus íocaíocht ghlas an CBT) nó, i gcás inarb infheidhme sa reachtaíocht is déanaí, agus glacadh leis an iarratas ar fhóirdheontas.

II. **ATHRÓGA TALÚN**

*Is éard atá i **limistéar iomlán an ghabháltais talmhaíochta** an limistéar talmhaíochta a úsáidtear (talamh arúil, féarthailte buana, barra buana agus gairdíní cistine) agus talamh feirme eile (talamh talmhaíochta neamhúsáidte, limistéar faoi chrainn agus talamh eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile).*

*Tugtar an **príomhlimistéar** ar an **limistéar** atá le bailiú i gcás gach ítime agus déantar tagairt ann d'achar fisiceach na dáileachta nó na ndáileachtaí, is cuma cé acu nach raibh ach aon bharr amháin nó roinnt barr ann le linn na bliana barr. I gcás barra bliantúla, comhfhreagraíonn an príomhlimistéar don limistéar a cuireadh; i gcás barra buana, is é an príomhlimistéar an limistéar iomlán faoi bharr; i gcás barra leantacha, comhfhreagraíonn an **príomhlimistéar** don limistéar a bhí ag an bpríomhbharr sa dáileacht le linn na bliana; i gcás barra comhuaineacha, comhfhreagraíonn sé don limistéar ina bhfuil na barra ag cómhaireachtáil. Ar an gcaoi sin, ní liostaítear gach limistéar ach aon uair amháin.*

*Is é an **príomhbharr** an barr a bhfuil an luach eacnamaíoch is airde aige. Nuair nach féidir a chinneadh cad é an príomhbharr ar bhonn an luacha táirgthe, is é an príomhbharr an ceann atá sa talamh don tréimhse is faide i measc na mbarr ar fad a buanadh le linn na bliana tagartha.*

*Is éard atá sa **limistéar talmhaíochta a úsáidtear** (LTÚ) limistéar iomlán na talún arúla , na bhféarthailte buana, na mbarr buan agus na ngairdíní cistine a úsáideann an gabháltas talmhaíochta, gan beann ar an gcineál seilbhe.*

*Is éard atá in **uainíocht na mbarr** an cleachtas ina ndéantar sealaíocht ar na barra a fhástar i bpáirc ar leith i bpatrún nó seicheamh pleanáilte i mblianta barr comhleanúnach ionas nach bhfástar barra den speiceas céanna gan bhriseadh sa pháirc chéanna. In **uainíocht na mbarr** is gnách na barra a athrú gach bliain, ach is féidir uainíocht barr a dhéanamh le barra ilbhliantúla.*

*Ní mór **páirc oscailte** agus **limistéir atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana** a thuairisciú ar leithligh.*

Maidir le hathróga talún, bainfidh úsáid na talún leis an mbliain tagartha.

CLND 001	-	**LTÚ** Heicteáir de LTÚ.			
CLND 002	-	-	**Talamh arúil** Heicteáir de thalamh a oibrítear go tráthrialta (í treafa nó saothraithe), faoi chóras uainíocht na mbarr go ginearálta.		
CLND 003	-	-	-	**Gránaigh le haghaidh táirgeadh gráin (lena n-áirítear síolta)** Heicteáir de na gránaigh uile a bhuantar agus iad tirim le haghaidh gráin, gan beann ar a n-úsáid.	
CLND 004	-	-	-	-	**Cruithneacht bhog agus speilt** Heicteáir de *Triticum aestivum* L. emend. Fiori et Paol., *Triticum spelta* L. agus *Triticum monococcum* L.
CLND 005	-	-	-	-	**Cruithneacht dúraim** Heicteáir de *Triticum durum* Desf.

CLND 006	-	-	-	-	**Seagal agus meascáin de ghránaigh gheimhridh (maislín)** Heicteáir de sheagal a chuirtear (*Secale cereale* L.) tráth ar bith, meascáin de sheagal agus de ghránaigh eile, agus meascáin eile de ghránaigh a chuirtear roimh an ngeimhreadh (maislín) nó lena linn.
CLND 007	-	-	-	-	**Eorna** Heicteáir d'eorna (*Hordeum vulgare* L.).
CLND 008	-	-	-	-	**Coirce agus meascáin de ghránaigh earraigh (grán measctha seachas maislín)** Heicteáir de choirce (*Avena sativa* L.) agus gránaigh eile a chuirtear san earrach agus a fhástar mar mheascáin agus a bhuantar mar ghrán tirim, lena n-áirítear síolta.
CLND 009	-	-	-	-	**Grán buí agus meascán arbhair déise** Heicteáir d'arbhar Indiach (*Zea mays* L.) a bhuantar le haghaidh gráin, mar shíol nó mar meascán arbhair déise.
CLND 010	-	-	-	-	**Triteacál** Heicteáir de thriteacál (x *Triticosecale* Wittmack).
CLND 011	-	-	-	-	**Sorgum** Heicteáir de shorgum (*Sorghum bicolor* (L.) Conrad Moench nó Sorghum x sudanense (Piper) Stapf.)
CLND 012	-	-	-	-	**Gránaigh eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile (ruán, muiléad agus síolta éan, etc.)** Heicteáir de na gránaigh uile a bhuantar agus iad tirim le haghaidh gráin nach bhfuil taifead orthu faoi ítimí a tháinig roimhe seo, amhail muiléad (*Panicum miliaceum* L.), ruán (*Fagopyrum esculentum* Mill.), síolta éan (*Phalaris canariensis* L.) agus gránaigh eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile.
CLND 013	-	-	-	-	**Rís** Heicteáir de rís (*Oryza sativa* L.).
CLND 014	-	-	-	**Piseánach tirim agus barra próitéine le haghaidh táirgeadh gráin (lena n-áirítear síolta agus meascáin de ghránaigh agus de ghlasraí piseánacha)** Heicteáir de ghlasraí piseánacha tirime agus barra próitéine a bhuantar agus iad tirim le haghaidh gráin, gan beann ar a n-úsáid.	
CLND 015	-	-	-	-	**Piseanna léana, pónairí agus lúipíní milse** Heicteáir de na cineálacha uile de phiseanna machaire (*Pisum sativum* L. convar. *sativum* nó *Pisum sativum* L. convar. *arvense* L. nó convar. *speciosum*) a bhuantar agus iad tirim, mar aon leis na heicteáir de na cineálacha uile pónairí leathana nó pónairí machaire (*Vicia faba* L. (partim)) a bhuantar agus iad tirim, mar aon le heicteáir de na lúipíní cumhra uile (*Lupinus* sp.) a bhuantar agus iad tirim le haghaidh gráin, lena n-áirítear síol, gan beann ar a n-úsáid.
CLND 016	-	-	-	**Barra fréimhe** Heicteáir de bharra a shaothraítear dá bhfréamh, dá dtiúbar nó dá ngas modhnaithe. Ní chuirtear glasraí fréimhe, glasraí tiúbair ná glasraí bleibe amhail cairéid, biatas nó svaeideanna san áireamh, i measc nithe eile.	
CLND 017	-	-	-	-	**Prátaí (lena n-áirítear prátaí síl)** Heicteáir de phrátaí (*Solanum tuberosum* L.).
CLND 018	-	-	-	-	**Biatas siúcra (seachas síolta)** Heicteáir de bhiatas siúcra (*Beta vulgaris* L.) a bhfuil sé beartaithe é a úsáid i dtionscal an tsiúcra agus i dtáirgeadh alcóil.

CLND 019	-	-	-	-	**Barra fréimhe eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile** Heicteáir de bhiatas farae (*Beta vulgaris* L.) agus plandaí den fhine *Brassicae* a bhuantar go príomha le haghaidh beatha ainmhithe, gan beann ar cé acu an fréamhacha nó gais iad, agus plandaí eile a shaothraítear go príomha dá bhfréamhacha le haghaidh farae, nach n-aicmítear in áit ar bith eile.	
CLND 020	-	-	-	**Barra tionsclaíocha** Heicteáir de bharra tionsclaíocha, nach ndíoltar go díreach de ghnáth lena gcaitheamh toisc gur gá iad a phróiseáil go tionsclaíoch roimh a n-úsáid deiridh.		
CLND 021	-	-	-	-	**Olashíolta** Heicteáir de ráib (*Brassica napus* L.) agus ráib tornapa (*Brassica rapa* L. var. oleifera (Lam.)), síolta lus na gréine (*Helianthus annus* L.), soighe (*Glycine max* (L.) Merril), ros lín (*Linum usitatissimum* L.), mustard (*Sinapis alba* L.), poipín (*Papaver somniferum* L.), cróch bréige (*Carthamus tinctorius* L.), síolta seasamain (*Sesamum indicum* L.), cíb bhlasta (*Cyperus esculentus* L.), piseanna talún (*Arachis hypogea* L.), puimcíní le haghaidh ola (*Cucurbita pepo* var. *styriaca*) agus cnáib (*Cannabis sativa* L.) a fhástar chun ola a tháirgeadh agus a bhuantar agus iad ina ngráin thirime, seachas síota cadáis (*Gossypium* spp.).	
CLND 022	-	-	-	-	-	**Síolta ráibe agus tornapa ráibe** Heicteáir de ráib (*Brassica napus* L.) agus ráib tornapa (*Brassica rapa* L. var. *oleifera* (Lam.)) a fhástar chun ola a tháirgeadh agus a bhuantar agus iad ina ngráin thirime, agus lena n-úsáid mar phróitéin.
CLND 023	-	-	-	-	-	**Síol lus na gréine** Heicteáir de lus na gréine (*Helianthus annuus* L.), a bhuantar agus iad ina ngráin thirime.
CLND 024	-	-	-	-	-	**Soighe** Heicteár de shoighe (*Glycine max* L. Merril), a bhuantar agus iad ina ngráin thirime, lena n-úsáid le haghaidh ola agus le haghaidh próitéine araon.
CLND 025	-	-	-	-	-	**Ros lín (líon ola)** Heicteáir de chineálacha rois lín (*Linum usitatissimum* L.), a fhástar go príomha chun ola a tháirgeadh, agus a bhuantar agus iad ina ngráin thirime.
CLND 026	-	-	-	-	-	**Barra olashíl eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile** Heicteáir de bharra eile a fhástar go príomha dá gcion ola, a bhuantar agus iad ina ngráin thirime, nach n-aicmítear in áit ar bith eile (seachas síolta cadáis).
CLND 027	-	-	-	-	**Barra snáithín** Heicteáir de líon snáithín (*Linum usitatissimum* L), cnáib (*Cannabis sativa* L.), cadás (*Gossypium* spp.), siúit (*Corchorus capsularis* L.), abacá alias Mhainile (*Musa textilis* Née), ceineaf (*Hibiscus cannabinus* L.) agus siseal (*Agave sisalana* Perrine).		
CLND 028	-	-	-	-	-	**Líon snáithín** Heicteáir de chineálacha lín snáithín (*Linum usitatissimum* L.), a fhástar go príomha chun snáithín a tháirgeadh.

CLND 029	-	-	-	-	-	**Cnáib** Heicteáir de chnáib (*Cannabis sativa* L.) a fhástar le haghaidh tuí.
CLND 030	-	-	-	-	-	**Cadás** Heicteáir de chadás (*Gossypium* spp.), a bhuantar le haghaidh úsáid snáithíní agus/nó olashíl.
CLND 031	-	-	-	-	-	**Barra snáithín eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile** Heicteáir de phlandaí eile a fhástar go príomha dá gcion snáithín, nach n-aicmítear in áit ar bith eile, amhail siúit (*Corchorus capsularis* L.), abacá *alias* Mhainile (*Musa textilis* Née), siseal (*Agave sisalana* Perrine), agus ceineaf (*Hibiscus cannabinus* L.).
CLND 032	-	-	-	-	**Tobac** Heicteáir de thobac (*Nicotiana tabacum* L.) a fhástar le haghaidh duilleog.	
CLND 033	-	-	-	-	**Leannlusanna** Heicteáir de leannlusanna (*Humulus lupulus* L.) a fhástar le haghaidh buaircíní síolta.	
CLND 034	-	-	-	-	**Plandaí aramatacha, plandaí míochaine agus cócaireachta** Heicteáir de phlandaí aramatacha, míochaineacha agus cócaireachta, a shaothraítear chun críoch cógaisíochta, chun cumhráin a mhonarú nó lena gcaitheamh ag an duine.	
CLND 035	-	-	-	-	**Barra fuinnimh nach n-aicmítear in áit ar bith eile** Heicteáir de bharra fuinnimh a úsáidtear go heisiach chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh, nach n-aicmítear in áit ar bith eile, agus a shaothraítear ar thalamh arúil.	
CLND 036	-	-	-	-	**Barra tionsclaíocha eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile** Heicteáir de bharra tionsclaíocha eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile.	
CLND 037	-	-	-	**Plandaí atá glas tráth a bhuantar ó thalamh arúil iad** Heicteáir de na barra talún arúla uile atá glas tráth a bhuantar iad agus a bhfuil sé beartaithe go príomha iad a úsáid le haghaidh beatha ainmhithe, foráiste nó táirgeadh fuinnimh in-athnuaite, is é sin gránaigh, féara, plandaí léagúmacha nó tionsclaíocha agus barra talún arúla eile atá 'glas' tráth a bhuantar agus a úsáidtear iad.		
CLND 038	-	-	-	-	**Féara sealadacha agus féaraigh shealadacha** Heicteáir de phlandaí féir le haghaidh innilte, féar tirim nó sadhlais a chuimsítear i ngnáthuainíocht na mbarr, ar nithe iad a mhaireann bliain barr amháin ar a laghad agus níos lú ná 5 bliana de ghnáth, arna gcur le féar nó le meascáin féir.	
CLND 039	-	-	-	-	**Plandaí léagúmacha atá glas tráth a bhuantar iad** Heicteáir de phlandaí léagúmacha a fhástar agus atá glas tráth a bhuantar iad mar phlanda iomlán le haghaidh farae go príomha nó lena n-úsáid mar fhuinneamh. Áirítear meascáin de bharra agus de phlandaí féir atá léagúmach den chuid is mó (de ghnáth > 80 %), iad glas tráth a bhuantar nó ina bhféar tirim.	
CLND 040	-	-	-	-	**Arbhar Indiach glas** Heicteáir de gach cineál arbhair Indiaigh (*Zea mays* L.) a fhástar go príomha le haghaidh sadhlais (an dias iomlán, codanna di nó an planda ina iomlán) agus nár buaineadh le haghaidh gráin.	

CLND 041	-	-	-	-	**Gránaigh eile atá glas tráth a bhuantar iad (seachas arbhar Indiach glas)** Heicteáir de na gránaigh uile (seachas arbhar Indiach) a fhástar agus atá glas tráth a bhuantar iad ina bplanda iomlán a úsáidtear le haghaidh farae nó chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh (bithmhais a tháirgeadh).
CLND 042	-	-	-	-	**Plandaí eile atá glas tráth a bhuantar ó thalamh arúil iad nach n-aicmítear in áit ar bith eile** Heicteáir de bharra eile bliantúla nó ilbhliantúla (níos lú ná 5 bliana) a bhfuil sé beartaithe iad a úsáid go príomha le haghaidh farae ainmhithe agus atá glas tráth a bhuantar iad Agus fuílleach na mbarr nach n-aicmítear áit ar bith eile nuair a scriosadh an príomhbhuaint, ach a bhféadfaí na hiarmhair a úsáid fós (mar fharae, nó mar fhuinneamh in-athnuaite).
CLND 043	-	-	-	**Glasraí úra (lena n-áirítear mealbhacáin) agus sútha talún** Heicteáir de na praiseacha, na glasraí duilleacha agus gais uile, na glasraí uile a shaothraítear le haghaidh torthaí, na glasraí fréimhe, tiúbair agus bleibe uile, na glasraí piseánacha úra uile, na glasraí eile uile a bhuantar agus iad úr (gan bheith tirim) agus na sútha talún uile a fhástar ar thalamh arúil lasmuigh agus iad ar uainíocht le barra talmhaíochta nó gairneoireachta eile.	
CLND 044	-	-	-	-	**Glasraí úra (lena n-áirítear mealbhacáin) agus sútha talún a fhástar ar uainíocht le barra gairneoireachta (garraíodóireacht mhargaidh)** Heicteáir de ghlasraí úra, mealbhacáin agus sútha talún a fhástar ar thalamh arúil ar uainíocht le barra gairneoireachta eile.
CLND 045	-	-	-	-	**Glasraí úra (lena n-áirítear mealbhacáin) agus sútha talún a fhástar ar uainíocht le barra nach barra gairneoireachta iad (gort oscailte)** Heicteáir de ghlasraí úra, mealbhacáin agus sútha talún a fhástar ar thalamh arúil ar uainíocht le barra talmhaíochta eile.
CLND 046	-	-	-	**Bláthanna agus plandaí ornáideacha (seachas plandlanna)** Heicteáir de na bláthanna agus de na plandaí ornáideacha uile a bhfuil sé beartaithe iad a dhíol mar bhláthanna gearrtha (e.g. rósanna, lusanna na gile, magairlíní, glaidiólais, criosantamaim, duilliúr gearrtha agus táirgí gearrtha eile), iad ina mbláthanna agus plandaí potaí, ceapach agus balcóin (e.g. ródaidéandróin, asáilianna, criosantamaim, beagóinianna, geiréiniamaí, impatiens, plandaí potaí, ceapaí agus balcóin eile) agus ina mbláthanna bleibe agus cormáin agus plandaí ornáideacha (tiúilipí, hiasaintí, magairlíní, lusanna an chromchinn agus plandaí eile).	
CLND 047	-	-	-	**Síolta agus síolphlandaí** Heicteáir de shíolta fréamhacha (seachas prátaí agus plandaí eile ina n-úsáidtear na fréamhacha mar shíolta chomh maith), barra farae, féara, barra tionsclaíocha (seachas olashíolta) agus síolta agus síológa glasraí agus bláthanna.	
CLND 048	-	-	-	**Barra talún arúla eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile** Heicteáir de bharra arúla nach n-aicmítear in áit ar bith eile.	

CLND 049	-	-	-	**Talamh branair** Heicteáir den talamh arúil uile a chuimsítear i gcóras uainíocht na mbarr nó a choinnítear i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (DRTC ([9])), bíodh sé oibrithe nó ná bíodh, ach nach mbuainfear ar feadh bliain barr amháin. Is í an tsaintréith riachtanach atá ag talamh branair go bhfágtar é lena athshlánú, de ghnáth ar feadh bliain barr ar fad. D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i dtalamh branair: (i) talamh lom gan bharra ar bith air; nó (ii) talamh le fás nádúrtha spontáineach agus a fhéadfar é a úsáid mar bheatha nó a threabhadh ann; nó iii) talamh a chuirtear go heisiach chun aoileach glas a tháirgeadh (talamh branair glas).
CLND 050	-	-	**Féarthailte buana** Heicteáir de thalamh a úsáidtear go buan (ar feadh roinnt blianta as a chéile, 5 bliana nó níos mó de ghnáth) chun farae luibheach, foráiste nó barra chun críche fuinnimh a fhás trína shaothrú (é curtha) nó go nádúrtha (é féinsíolaithe), agus nach n-áirítear in uainíocht na mbarr ar an ngabháltas talmhaíochta. Is féidir féarthailte a úsáid le haghaidh innilte, iad a lomadh le haghaidh sadhlais agus féar tirim agus iad a úsáid chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh.	
CLND 051	-	-	-	**Féarach agus móinéar, seachas féaraigh gharbha** Heicteáir d'fhéarach buan ar ithreacha ar dhea-cháilíocht nó meáncháilíocht is féidir a úsáid de ghnáth le haghaidh dianinnilte.
CLND 052	-	-	-	**Féaraigh gharbha** Heicteáir d'fhéarthailte buana a mbíonn toradh íseal orthu, ar ithir ar cháilíocht íseal de ghnáth, mar shampla ar thalamh cnocach agus ag airdí arda, nach bhfeabhsaítear de ghnáth trí leasachán, saothrú, athshíolú ná draenáil. De ghnáth, ní féidir na limistéir sin a úsáid ach amháin d'innilt fhairsing agus ní gnách iad a lomadh nó a lomadh ar bhealach fairsing toisc nach féidir leo tacú le líon mór ainmhithe.
CLND 053	-	-	-	**Féarthailte buana nach n-úsáidtear a thuilleadh le haghaidh táirgeadh agus atá incháilithe d'íocaíocht fóirdheontas** Heicteáir d'fhéarthailte buana agus de mhóinéir bhuana nach n-úsáidtear a thuilleadh chun críoch táirgthe, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 nó , i gcás inarb infheidhme, leis an reachtaíocht is déanaí, agus a choinnítear ar bun i riocht atá oiriúnach don innilt nó don saothrú gan aon ghníomhaíocht ullmhúcháin a dhéanamh sa bhreis ar ghnáthmhodhanna agus innealra talmhaíochta agus atá incháilithe do thacaíocht airgeadais.
CLND 054	-	-	**Barra buana (lena n-áirítear plandálacha óga agus plandálacha atá tréigthe go sealadach, cé is moite de limistéir a sholáthraíonn táirgeacht do thomhaltas dílis amháin)** Heicteáir de na crainn torthaí uile, na crainn torthaí citris uile, na crainn cnónna uile, na plandálacha caor uile, na fíonghoirt uile, na crainn ológ uile agus na barra buana eile a úsáidtear mar bhia don duine (e.g. tae, caife nó carúb) agus chun críoch eile (e.g. plandlanna, crainn Nollag nó plandaí lena gcur agus lena sníomh amhail pailm ratáin nó bambú).	

([9]) Airteagal 94 agus Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 352/78, (CE) Uimh. 165/94, (CE) Uimh. 2799/98, (CE) Uimh. 814/2000, (CE) Uimh. 1290/2005 agus (CE) Uimh. 485/2008 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 549, http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1306/oj).

CLND 055	-	-	-	**Torthaí, caora agus cnónna (seachas torthaí citris, fíonchaora agus sútha talún)** Heicteáir d'úlloird torthaí póma, torthaí cloiche, caor, cnónna agus torthaí ó chriosanna aeráide trópaiceacha agus fothrópaiceacha.		
CLND 056	-	-	-	-	**Torthaí póma** Heicteáir d'úlloird torthaí póma amhail úlla (*Malus* spp.), piorraí (*Pyrus* spp.), cainchí (*Cydonia oblonga* Mill.) nó torthaí ón meispeal Gearmánach (*Mespilus germanica*, L.).	
CLND 057	-	-	-	-	**Torthaí cloiche** Heicteáir d'úlloird torthaí cloiche, amhail péitseoga agus neachtairíní (*Prunus persica* (L.) Batch), aibreoga (*Prunus armeniaca* L. agus cinn eile), silíní milse agus searbha (*Prunus avium* L., *P. cerasus*), plumaí (*Prunus domestica* L. agus cinn eile) agus torthaí cloiche eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile amhail draighean (*Prunus spinosa* L.) nó locuatanna (*Eriobotrya japonica* (Thunb.) Lindl.).	
CLND 058	-	-	-	-	**Torthaí ó chriosanna aeráide fothrópaiceacha agus trópaiceacha** Heicteáir de thorthaí ó chriosanna aeráide fothrópaiceacha agus trópaiceacha, amhail cíobhaíonna (*Actinidia chinensis* Planch.), abhacáid (*Persea americana* Mill.) nó bananaí (*Musa* spp.).	
CLND 059	-	-	-	-	**Caora (seachas sútha talún)** Heicteáir de chaora saothraithe amhail cuiríní dubha (*Ribes nigrum* L.), cuiríní dearga (*Ribes rubrum* L.), sútha craobh (*Rubus idaeus* L.) nó fraocháin ghorma (*Vaccinium corymbosum* L.).	
CLND 060	-	-	-	-	**Cnónna** Heicteáir de na crainn chnó uile: gallchnónna, cnónna coill, almóinní, castáin agus cnónna eile.	
CLND 061	-	-	-	**Torthaí citris** Heicteáir de thorthaí citris (*Citrus* spp.): oráistí, torthaí beaga citris, líomóidí, líomaí, pomalónna, seadóga agus torthaí citris eile.		
CLND 062	-	-	-	**Fíonchaora** Heicteáir d'fhíniúnacha (*Vitis vinifera* L.)		
CLND 063	-	-	-	-	**Fíonchaora le haghaidh fíonta** Heicteáir d'fhíniúnacha de chineálacha fíonchaor a fhástar de ghnáth chun sú, úrfhíon agus/nó fíon a tháirgeadh.	
CLND 064	-	-	-	-	-	**Fíonchaora le haghaidh fíonta a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC) acu** Heicteáir d'fhíniúnacha de chineálacha fíonchaor a fhástar de ghnáth chun fíon a tháirgeadh a bhfuil sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint acu agus a chomhlíonann ceanglais (i) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún ([10]) nó, i gcás inarb infheidhme, ceanglais na reachtaíochta is déanaí agus (ii) na rialacha náisiúnta comhfhreagracha.

([10]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2018 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hiarratais ar chosaint ainmniúchán tionscnaimh, tásc geografach agus téarmaí traidisiúnta in earnáil an fhíona, an nós imeachta agóide, srianta ar úsáid, leasuithe ar shonraíochtaí táirge, cealú cosanta agus lipéadú agus cur i láthair (IO L 9, 11.1.2019, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/33/oj).

CLND 065	-	-	-	-	-	**Fíonchaora le haghaidh fíonta a bhfuil tásc geografach faoi chosaint (TGFC) acu** Heicteáir d'fhíniúnacha de chineálacha fíonchaor a fhástar de ghnáth chun fíon a tháirgeadh a bhfuil tásc geografach faoi chosaint acu agus a chomhlíonann ceanglais (i) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 nó, i gcás inarb infheidhme, ceanglais na reachtaíochta is déanaí agus (ii) na rialacha náisiúnta comhfhreagracha.
CLND 066	-	-	-	-	-	**Fíonchaora le haghaidh fíonta eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile (nach bhfuil ATFC/TGFC acu)** Heicteáir d'fhíniúnacha de chineálacha fíonchaor a fhástar de ghnáth chun fíonta seachas fíonta ATFC agus TGFC a tháirgeadh.
CLND 067	-	-	-	-	**Fíonchaora boird** Heicteáir d'fhíniúnacha de chineálacha fíonchaor a fhástar de ghnáth chun fíonchaora úra a tháirgeadh.	
CLND 068	-	-	-	-	**Fíonchaora le haghaidh rísíní** Heicteáir d'fhíniúnacha de chineálacha fíonchaor a fhástar de ghnáth chun rísíní a tháirgeadh.	
CLND 069	-	-	-	**Ológa** Heicteáir de chrainn ológ (*Olea europea* L.) a fhástar chun ológa a tháirgeadh.		
CLND 070	-	-	-	**Plandlanna** Heicteáir de phlandlanna ina mbíonn plandaí óga ligneacha (adhmadacha) ag fás faoin aer agus a thrasphlandaítear ina dhiaidh sin.		
CLND 071	-	-	-	**Barra buana eile lena n-áirítear barra buana eile lena gcaitheamh ag an duine** Heicteáir de bharra buana lena gcaitheamh ag an duine nach n-aicmítear in aon áit eile agus crainn a chuirtear mar chrainn Nollag ar an LTÚ.		
CLND 072	-	-	-	-	**Crainn Nollag** Heicteáir de chrainn Nollag a chuirtear chun críoch tráchtála, lasmuigh den choillearnach, ar an LTÚ. Eisiatar plandálacha crann Nollag nach ndéantar cothabháil orthu a thuilleadh agus atá i limistéar faoi chrainn.	
CLND 073	-	-	**Gairdíní cistine** Heicteáir de thalamh atá cumhdaithe de ghnáth le glasraí, barra fréimhe agus barra buana, i measc nithe eile, a bhfuil sé beartaithe ag an sealbhóir go gcaithfidh é féin a theaghlach iad, agus atá deighilte de ghnáth ón gcuid eile den talamh talmhaíochta, agus atá inaitheanta mar ghairdíní cistine.			
CLND 074	-	**Talamh feirme eile** Heicteáir de thalamh talmhaíochta neamhúsáidte (talamh talmhaíochta nach saothraítear a thuilleadh, ar chúiseanna eacnamaíocha, sóisialta nó eile, agus nach n-úsáidtear i gcóras uainíocht na mbarr), limistéar faoi chrainn agus talamh eile a chumhdaítear le foirgnimh, clóis feirme, rianta, linnte, cairéil, talamh neamhthorthúil, carraigeacha, etc.				
CLND 075	-	-	**Talamh talmhaíochta nach n-úsáidtear** Heicteáir de thalamh a úsáideadh roimhe sin chun críche talmhaíochta nach n-oibrítear a thuilleadh le linn bhliain tagartha an tsuirbhé agus nach n-úsáidtear é i gcóras uainíocht na mbarr, i.e. talamh nach bhfuil aon úsáid talmhaíochta beartaithe dó. D'fhéadfaí an talamh sin a thabhairt ar ais chun a saothraithe trí na hacmhainní atá ar fáil de ghnáth ar ghabháltas talmhaíochta a úsáid.			

CLND 076	-	-	**Limistéar faoi chrainn** Heicteáir de thalamh a chumhdaítear le crainn nó le toir foraoise, lena n-áirítear plandálacha de chrainn poibleog agus crainn eile den chineál sin laistigh nó lasmuigh de choillte nó plandlanna crann foraoise a fhástar i gcoillearnach chun críocha riachtanais an ghabháltais talmhaíochta féin, chomh maith le saoráidí foraoise (bóithre foraoise, iostaí stórála d'adhmad, etc.).	
CLND 077	-	-	-	**Roschoillte gearr-uainíochta** Heicteáir de limistéir faoi chrainn a bhainistítear chun plandaí faoi chrainn a fhás, agus ina maireann tréimhse na huainíochta 20 bliain nó níos lú. *Is í **tréimhse na huainíochta** an t-am idir an chéad chur/an chéad phlandáil de na crainn agus fómhar an táirge deiridh, i gcás nach n-áirítear le fómhar gnáthghníomhaíochtaí bainistithe amhail tanú.*
CLND 078	-	-	**Talamh eile (talamh ar a bhfuil foirgnimh, clóis feirme, rianta, linnte agus limistéir neamhtháirgiúla eile)** Heicteáir de thalamh ar cuid d'achar iomlán an ghabháltais talmhaíochta iad ach nach cuid den LTÚ ná de limistéar faoi chrainn iad, amhail talamh a chumhdaítear le foirgnimh (seachas i gcás ina n-úsáidtear iad chun beacáin a shaothrú), clóis feirme, rianta, linnte, cairéil, talamh neamhthorthúil nó carraigeacha.	
		Limistéir gabháltais talmhaíochta speisialta		
CLND 079	-	-	**Beacáin shaothraithe** Heicteáir de bheacáin shaothraithe a fhástar i bhfoirgnimh a tógadh nó a oiriúnaíodh go speisialta chuige sin, agus in áitribh, uaimheanna agus siléir faoi thalamh.	
CLND 080	-	**LTÚ atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana** Heicteáir de bharra a chumhdaítear le tithe gloine nó clúdach ard seasta nó clúdach ard soghluaiste (déanta as gloine nó plaisteach docht nó plaisteach solúbtha) ar feadh a dtréimhse fáis ina hiomláine nó don chuid is mó di. Níor cheart na limistéir seo a áireamh sna hathróga thuasluaite (a thagraíonn do limistéir lasmuigh amháin).		
CLND 081	-	-	**Glasraí, lena n-áirítear mealbhacáin agus sútha talún atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana** Heicteáir de na praiseacha uile, na glasraí duilleacha agus gais uile, na glasraí uile a shaothraítear le haghaidh torthaí, na glasraí fréimhe, tiúbair agus bleibe uile, na glasraí piseánacha úra uile, na glasraí eile uile a bhuantar agus iad úr (gan bheith tirim) agus na sútha talún uile a fhástar faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana.	
CLND 082	-	-	**Bláthanna agus plandaí ornáideacha (seachas plandlanna) atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana** Heicteáir de na bláthanna agus de na plandaí ornáideacha uile a bhfuil sé beartaithe iad a dhíol mar bhláthanna gearrtha (e.g. rósanna, lusanna na gile, magairlíní, glaidiólais, criosantamaim, duilliúr gearrtha agus táirgí gearrtha eile), iad ina mbláthanna agus plandaí potaí, ceapaí agus balcóin (e.g. ródaidéandróin, asáilianna, criosantamaim, beagóinianna, geiréiniamaí, impatiens nó plandaí potaí, ceapaí agus balcóin eile) agus ina mbláthanna bleibe agus cormáin agus plandaí ornáideacha (tiúilipí. hiasaintí, magairlíní, lusanna an chromchinn agus plandaí eile) atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana.	
CLND 083	-	-	**Barra talún arúla eile atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana** Heicteáir de bharra talún arúla eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile agus a fhástar faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana.	

CLND 084	-	-	**Barra buana atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana** Heicteáir de bharra buana a fhástar faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana.
CLND 085	-	-	**LTÚ eile atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana nach n-aicmítear in áit ar bith eile** Heicteáir de LTÚ nach n-aicmítear in áit ar bith eile agus a fhástar faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana.

Feirmeoireacht orgánach

Tá talamh ag an ngabháltas talmhaíochta ar a n-úsáidtear modhanna táirgthe orgánaigh i gcomhréir le (i) Rialachán (AE) Uimh. 834/2007 nó, i gcás inarb infheidhme, an reachtaíocht is déanaí, agus (ii) na rialacha cur chun feidhme náisiúnta comhfhreagracha maidir le táirgeadh orgánach, lena n-áirítear le linn na tréimhse tiontaithe.

Sainmhínítear barra i gCroí-Roinn II. ATHRÓGA TALÚN

CLND 086	-	**LTÚ lasmuigh le haghaidh na feirmeoireachta orgánaí (seachas gairdíní cistine)**				
CLND 087	-	-	**Talamh arúil lasmuigh le haghaidh na feirmeoireachta orgánaí**			
CLND 088	-	-	-	**Gránaigh na feirmeoireachta orgánaí le haghaidh táirgeadh gráin (lena n-áirítear síolta) faoin aer**		
CLND 089	-	-	-	-	**Cruithneacht bhog agus speilt na feirmeoireachta orgánaí faoin aer**	
CLND 090	-	-	-	-	**Cruithneacht dúraim na feirmeoireachta orgánaí lasmuigh**	
CLND 091	-	-	-	**Glasraí piseánacha tirime agus barra próitéine na feirmeoireachta orgánaí le haghaidh táirgeadh gráin (lena n-áirítear síolta agus meascáin de ghránaigh agus de ghlasraí piseánacha) lasmuigh**		
CLND 092	-	-	-	**Barra fréimhe na feirmeoireachta orgánaí faoin aer**		
CLND 093	-	-	-	-	**Prátaí na feirmeoireachta orgánaí (lena n-áirítear prátaí síl) faoin aer**	
CLND 094	-	-	-	-	**Biatas siúcra na feirmeoireachta orgánaí (seachas síolta) faoin aer**	
CLND 095	-	-	-	**Barra tionsclaíocha na feirmeoireachta orgánaí faoin aer**		
CLND 096	-	-	-	-	**Olashíolta na feirmeoireachta orgánaí faoin aer**	
CLND 097	-	-	-	-	-	**Soighe na feirmeoireachta orgánaí faoin aer**
CLND 098	-	-	-	**Plandaí eile na feirmeoireachta orgánaí atá glas tráth a bhuantar ó thalamh arúil faoin aer iad**		
CLND 099	-	-	-	-	**Féara sealadacha agus féaraigh shealadacha na feirmeoireachta orgánaí lasmuigh**	
CLND 100	-	-	-	-	**Plandaí léagúmacha na feirmeoireachta orgánaí atá glas tráth a bhuantar iad lasmuigh**	
CLND 101	-	-	-	**Glasraí úra (lena n-áirítear mealbhacáin) agus sútha talún na feirmeoireachta orgánaí faoin aer**		
CLND 102	-	-	-	**Síolta agus síológa na feirmeoireachta orgánaí faoin aer**		
CLND 103	-	-	**Féarthailte buana le haghaidh na feirmeoireachta orgánaí faoin aer**			
CLND 104	-	-	-	**Féarach agus móinéar na feirmeoireachta orgánaí, seachas féaraigh gharbha lasmuigh**		
CLND 105	-	-	-	**Féaraigh gharbha na feirmeoireachta orgánaí lasmuigh**		
CLND 106	-	-	**Barra buana na feirmeoireachta orgánaí (lena n-áirítear plandálacha óga agus plandálacha atá tréigthe go sealadach, cé is moite de limistéir a tháirgtear do thomhaltas dílis amháin) lasmuigh**			
CLND 107	-	-	-	**Torthaí, caora agus cnónna na feirmeoireachta orgánaí (seachas torthaí citris, fíonchaora agus sútha talún) lasmuigh**		

CLND 108	-	-	-	**Torthaí citris na feirmeoireachta orgánaí lasmuigh**
CLND 109	-	-	-	**Fíonchaora na feirmeoireachta orgánaí lasmuigh le haghaidh fíonta**
CLND 110	-	-	-	**Ológa na feirmeoireachta orgánaí lasmuigh**
CLND 111	-	**Glasraí na feirmeoireachta orgánaí, lena n-áirítear mealbhacáin agus sútha talún atá faoi ghloine nó faoi chlúdach ard inrochtana**		

Uisciú i limistéar saothraithe lasmuigh

CLND 112	-	**Limistéar iomlán inuiscithe** Heicteáir d'uasmhéid iomlán LTÚ a d'fhéadfaí a uisciú sa bhliain tagartha agus úsáid á baint as an trealamh agus as an méid uisce atá ar fáil de ghnáth ar an ngabháltas talmhaíochta.

III. **ATHRÓGA BEOSTOIC**

Ní gá gurbh leis an sealbhóir na hainmhithe. Féadfaidh na hainmhithe sin a bheith ar an ngabháltas talmhaíochta (ar LTÚnna nó i dtithíocht ainmhithe a úsáideann an gabháltas talmhaíochta) nó lasmuigh den ghabháltas sin (ar fhéaraigh choimín nó le linn a n-ascnaimh, etc.).

Maidir leis na hathróga beostoic, socróidh gach Ballstát lá tagartha comhchoiteann laistigh den bhliain tagartha.

		Bó-ainmhithe *Tagraíonn sin d'eallach (Bos taurus L.) agus do bhuabhaill uisce (Bubalus bubalis L.), lena n-áirítear hibridí amhail Beefalo.*				
CLVS 001	-	-	**Bó-ainmhithe atá faoi bhun 1 bhliain d'aois** Cloigne bó-ainmhithe fireanna agus baineanna, faoi bhun aon bhliain d'aois.			
CLVS 002	-	-	**Bó-ainmhithe, 1 bhliain d'aois nó níos sine, ach faoi bhun 2 bhliain d'aois** Cloigne bó-ainmhithe, 1 bhliain d'aois ar a laghad, ach faoi bhun 2 bhliain d'aois			
CLVS 003	-	-	-	**Bó-ainmhithe fireanna, 1 bhliain d'aois nó níos sine, ach faoi bhun 2 bhliain d'aois** Cloigne bó-ainmhithe fireanna, 1 bhliain d'aois ar a laghad, ach faoi bhun 2 bhliain d'aois		
CLVS 004	-	-	-	**Bodóga, 1 bhliain d'aois nó níos sine, ach faoi bhun 2 bhliain d'aois** Cloigne bó-ainmhithe baineanna, 1 bhliain d'aois ar a laghad, ach faoi bhun 2 bhliain d'aois		
			Bó-ainmhithe, 2 bhliain d'aois nó níos sine			
CLVS 005	-	-	-	**Bó-ainmhithe fireanna, 2 bhliain d'aois nó níos sine** Cloigne bó-ainmhithe fireanna, 2 bhliain d'aois nó níos sine.		
CLVS 006	-	-	-	**Bó-ainmhithe baineanna, 2 bhliain d'aois nó níos sine** Cloigne bó-ainmhithe baineanna, 2 bhliain d'aois nó níos sine.		
CLVS 007	-	-	-	-	**Bodóga, 2 bhliain d'aois nó níos sine** Cloigne bó-ainmhithe baineanna, 2 bhliain d'aois nó níos sine, nár rug lao fós.	
CLVS 008	-	-	-	-	**Ba** Cloigne bó-ainmhithe baineanna, (2 bhliain d'aois nó níos sine de ghnáth), a rug lao cheana.	

CLVS 009	-	-	-	-	-	**Ba déiríochta** Cloigne bó-ainmhithe baineanna a rug lao cheana (lena n-áirítear na bó-ainmhithe atá faoi bhun 2 bhliain d'aois) agus a choinnítear, mar gheall ar a bpór nó a dtréithe áirithe, go heisiach nó go príomha chun bainne a tháirgeadh lena chaitheamh ag an duine nó lena phróiseáil i dtáirgí déiríochta.
CLVS 010	-	-	-	-	-	**Ba neamhdhéiríochta** Cloigne bó-ainmhithe baineanna a rug lao cheana (lena n-áirítear na bó-ainmhithe atá faoi bhun 2 bhliain d'aois) agus a choinnítear, mar gheall ar a bpór nó a dtréithe áirithe, go heisiach nó go príomha chun laonna a tháirgeadh nach bhfuil a mbainne lena chaitheamh ag an duine nó lena phróiseáil i dtáirgí déiríochta.
CLVS 011	-	-	-	-	-	**Ba buabhaill** Cloigne bó buabhaill (na ba baineanna den speiceas *Bubalus bubalis*, L.) a rug lao cheana (lena n-áirítear na ba atá faoi bhun 2 bhliain d'aois).
	Caoirigh agus gabhair					
CLVS 012	-	**Caoirigh (gach aois)** Cloigne ainmhithe clóis den speiceas *Ovis aries* L.				
CLVS 013	-	-	**Caoirigh bhaineanna phórúcháin** Cloigne caorach agus uain bhaineanna a cuireadh faoin reithe, gan beann ar an inniúlacht déiríochta/feola.			
CLVS 014	-	-	**Caoirigh eile** Cloigne na gcaorach uile seachas caoirigh bhaineanna phórúcháin.			
CLVS 015	-	**Gabhair (gach aois)** Cloigne ainmhithe clóis den fhospeiceas *Capra aegagrus hircus* L.				
CLVS 016	-	-	**Gabhair bhaineanna phórúcháin** Cloigne gabhar baineann a rug meannán cheana agus gabhar cúpláilte.			
CLVS 017	-	-	**Gabhair eile** Cloigne na ngabhar uile seachas caoirigh bhaineanna phórúcháin.			
		Muca *Tagraíonn sin d'ainmhithe clóis den speiceas Sus scrofa domesticus Erxleben.*				
CLVS 018	-	-	**Bainbh, ar lú ná 20 kg a mbeomheáchan** Cloigne banbh, ar lú ná 20 kg a mbeomheáchan.			
CLVS 019	-	-	**Cránacha pórúcháin arb é 50 kg nó níos mó a mbeomheáchan** Cloigne muc baineann a bhfuil meáchan 50 kg nó níos mó acu a bhfuil sé beartaithe iad a phórú, gan beann ar an bhfuil banbh beirthe acu nó nach bhfuil.			
CLVS 020	-	-	**Muca eile** Cloigne muc nach sonraítear in áit ar bith eile.			

			Éanlaith chlóis *Tagraíonn 'éanlaith' do chearca agus do shicíní clóis (Gallus gallus L.), turcaithe (Meleagris spp.), lachain (Anas spp. agus Cairina moschata L.), géanna (Anser anser domesticus L.), ostraisí (Struthio camelus L.) agus éanlaith chlóis eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile, amhail gearga (Coturnix spp.), piasúin (Phasianus spp.), guine (Numida meleagris domestica L.) agus colúir (Columbinae spp.). Mar sin féin eisiatar éin a thógtar faoi ghaibhniú chun críoch fiaigh seachas chun feoil/uibheacha a tháirgeadh.*
CLVS 021	-	-	**Sicíní grísce** Cloigne ainmhithe clóis den speiceas *Gallus gallus* L. a choimeádtar chun feoil a tháirgeadh.
CLVS 022	-	-	**Béaróga** Cloigne ainmhithe clóis den speiceas *Gallus gallus* L. a bhfuil aibíocht breithe bainte amach acu agus a choimeádtar chun uibheacha a tháirgeadh.
CLVS 023	-		**Éanlaith chlóis eile** Cloigne éanlaithe clóis nach luaitear faoi shicín grísce ná faoi bhéaróga. Eisiatar sicíní.
CLVS 024	-	-	**Turcaithe** Cloigne ainmhithe clóis den speiceas *Meleagris*.
CLVS 025	-	-	**Lachain** Cloigne ainmhithe clóis den ghéineas *Anas* agus den speiceas *Cairina moschata* L.
CLVS 026	-	-	**Géanna** Cloigne ainmhithe clóis den speiceas *Anser anser domesticus* L.
CLVS 027	-	-	**Ostraisí** Cloigne ostraisí (*Struthio camelus* L.)
CLVS 028	-	-	**Éanlaith chlóis eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile** Cloigne éanlaithe clóis eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile.
			Coiníní *Tagraíonn 'coiníní' d'ainmhithe clóis den speiceas Oryctolagus.*
CLVS 029	-	-	**Coiníní bhaineanna pórúcháin** Cloigne coiníní baineanna (*Oryctolagus* spp.) chun coiníní le haghaidh feola a tháirgeadh agus a bhfuil ál beirthe acu.
CLVS 030	-		**Beacha** Líon na gcoirceog a bhfuil beacha iontu (*Apis mellifera* L.) a choimeádtar chun mil a tháirgeadh.
CLVS 031	-		**Fianna** Ainmhithe amhail an fia rua (*Cervus elaphus* L.), an fia Seapánach (*Cervus nippon* Temminck), an réinfhia (*Rangifer tarandus* L.) nó an fia buí (*Dama dama* L.) chun feoil a tháirgeadh a bheith ann.
CLVS 032	-		**Ainmhithe fionnaidh** Ainmhithe amhail an mhinc (*Neovison vison* Schreber), an cat coille Eorpach nó an toghán (*Mustela putorius* L.), an sionnach (*Vulpes* spp. agus cinn eile), an racúnmhadra (*Nyctereutes* spp.) nó an tsinsile (*Chinchilla* spp.) chun fionnadh a tháirgeadh a bheith ann.

CLVS 033	-	**Beostoic nach n-aicmítear in áit ar bith eile** Beostoc nach n-aicmítear in áit ar bith eile sa roinn seo a bheith ann.

Modhanna táirgthe orgánaigh a chuirtear i bhfeidhm maidir le táirgeadh ainmhithe

Tá ainmhithe ag an ngabháltas talmhaíochta faoi mhodhanna táirgthe a chomhlíonann (i) Rialachán (AE) Uimh. 834/2007 nó, i gcás inarb infheidhme, an reachtaíocht is déanaí, agus (ii) na rialacha cur chun feidhme náisiúnta comhfhreagracha maidir le táirgeadh orgánach, lena n-áirítear le linn na tréimhse tiontaithe.

Sainmhínítear ainmhithe i gCroí-Roinn III. ATHRÓGA BEOSTOIC

CLVS 034	-	**Stoc na feirmeoireachta orgánaí de bhó-ainmhithe** Cloigne stoc na feirmeoireachta orgánaí de bhó-ainmhithe				
CLVS 035	-	-	-	-	-	**Stoc na feirmeoireachta orgánaí de bha déiríochta** Cloigne stoc na feirmeoireachta orgánaí de bha déiríochta
CLVS 036	-	-	-	-	-	**Stoc na feirmeoireachta orgánaí de bha neamhdhéiríochta** Cloigne stoic na feirmeoireachta orgánaí de bha neamhdhéiríochta
CLVS 037	-	-	-	-	-	**Stoc na feirmeoireachta orgánaí de bha buabhaill** Stoc na feirmeoireachta orgánaí de bha buabhaill a bheith ann
CLVS 038	-	**Stoc na feirmeoireachta orgánaí de chaoirigh (gach aois)** Cloigne stoc na feirmeoireachta orgánaí de chaoirigh				
CLVS 039	-	**Stoc na feirmeoireachta orgánaí de ghabhair (gach aois)** Cloigne stoc na feirmeoireachta orgánaí de ghabhair				
CLVS 040	-	**Stoc na feirmeoireachta orgánaí de mhuca** Cloigne stoc na feirmeoireachta orgánaí de mhuca				
CLVS 041	-	**Stoc na feirmeoireachta orgánaí d'éanlaith chlóis** Cloigne stoc na feirmeoireachta orgánaí d'éanlaith clóis				
CLVS 042	-	-	**Stoc na feirmeoireachta orgánaí de shicín grísce** Cloigne stoc na feirmeoireachta orgánaí de shicín grísce			
CLVS 043	-	-	**Stoc na feirmeoireachta orgánaí de bhéaróga** Cloigne stoc na feirmeoireachta orgánaí de bhéaróga			

IARSCRÍBHINN II

Liosta na n-athróg le haghaidh topaicí agus topaicí mionsonraithe sna modúil

MODÚL 1. LUCHT SAOTHAIR AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ SOCHRACHA EILE

Athróga				Aonaid/aicmí
Topaic: bainistiú feirme				
	Topaicí mionsonraithe: sealbhóir agus cothromaíocht inscne			
MLFO 001	-	Gnéas an tsealbhóra		Fireann/baineann
MLFO 002	-	Bliain bhreithe		Bliain
	Topaic mhionsonraithe: ionchur saothair			
MLFO 003	-	Obair feirme an tsealbhóra ar an ngabháltas talmhaíochta		banda AOB 1 ([1])
	Topaic mhionsonraithe: bearta sábháilteachta, lena n-áirítear plean sábháilteachta na feirme			
MLFO 004	-	Plean sábháilteachta na feirme		Tá/níl
Topaic: lucht saothair teaghlaigh				
	Topaicí mionsonraithe: ionchur saothair, líon na ndaoine atá rannpháirteach agus cothromaíocht inscne			
MLFO 005	-	Fireannaigh theaghlaigh a dhéanann obair feirme		Líon na ndaoine in aghaidh an bhanda AWU 2 ([2])
MLFO 006	-	Baineannaigh theaghlaigh a dhéanann obair feirme		Líon na ndaoine in aghaidh an bhanda AOB 2[12]
Topaic: lucht saothair neamhtheaghlaigh				
	Topaicí mionsonraithe: ionchur saothair, líon na ndaoine fostaithe agus cothromaíocht inscne			
		Lucht saothair neamhtheaghlaigh a oibríonn go tráthrialta ar an ngabháltas talmhaíochta		
MLFO 007	-	-	Lucht saothair neamhtheaghlaigh fireann a oibríonn go tráthrialta ar an bhfeirm	Líon na ndaoine in aghaidh an bhanda AOB 2[12]
MLFO 008	-	-	Lucht saothair neamhtheaghlaigh baineann a oibríonn go tráthrialta ar an bhfeirm	Líon na ndaoine in aghaidh an bhanda AOB 2[12]
	Topaic mhionsonraithe: lucht saothair neamhrialta atá fostaithe ag an bhfeirm			
MLFO 009	-	Saothar neamhtheaghlaigh atá fostaithe ar bhonn neamhrialta: fireann agus baineann		Laethanta oibre lánaimseartha
	Topaic mhionsonraithe: ionchur saothair a dhéanann conraitheoirí			
MLFO 010	-	Daoine nach bhfuil fostaithe go díreach ag an ngabháltas talmhaíochta agus nach bhfuil cuimsithe sna catagóirí a tháinig roimhe seo.		Laethanta oibre lánaimseartha
Topaic: gníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach leis an ngabháltas talmhaíochta				
	Topaic mhionsonraithe: na cineálacha gníomhaíochtaí			
MLFO 011	-	Seirbhísí sláinte, sóisialta nó oideachais a sholáthar		Tá/níl

([1]) Aonad oibre bliantúil (AOB) banda céatadáin 1: (0), (> 0-< 25), (≥ 25-< 50), (≥ 50-< 75), (≥ 75-< 100), (100).
([2]) Aonad oibre bliantúil (AOB) banda céatadáin 2: (> 0-< 25), (≥ 25-< 50), (≥ 50-< 75), (≥ 75-< 100), (100).

Athróga				Aonaid/aicmí
MLFO 012	-	Turasóireacht, cóiríocht agus gníomhaíochtaí fóillíochta eile		Tá/níl
MLFO 013	-	Lámhcheardaíocht		Tá/níl
MLFO 014	-	Táirgí feirme a phróiseáil		Tá/níl
MLFO 015	-	Fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh		Tá/níl
MLFO 016	-	Próiseáil adhmaid		Tá/níl
MLFO 017	-	Dobharshaothrú		Tá/níl
		Obair chonarthach (ina mbaintear úsáid as modhanna táirgeachta an ghabháltais talmhaíochta):		
MLFO 018	-	-	Obair chonarthach thalmhaíochta	Tá/níl
MLFO 019	-	-	Obair chonarthach neamhthalmhaíochta	Tá/níl
MLFO 020	-	Foraoiseacht		Tá/níl
MLFO 021	-	Gníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach leis an ngabháltas talmhaíochta nach n-aicmítear in áit ar bith eile		Tá/níl
	Topaic mhionsonraithe: an tábhacht don ghabháltas talmhaíochta			
MLFO 022	-	An céatadán de ghníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach leis an ngabháltas talmhaíochta de réir aschur deiridh an ghabháltais talmhaíochta.		Bandaí céatadáin ([3])
	Topaic mhionsonraithe: ionchur saothair			
MLFO 023	-	Sealbhóir a bhfuil gníomhaíochtaí sochracha eile aige (gníomhaíochtaí a bhaineann leis an ngabháltas talmhaíochta).		M/S ([4])
MLFO 024	-	Baill teaghlaigh a oibríonn ar an ngabháltas talmhaíochta agus arb é a bpríomhghníomhaíocht gníomhaíochtaí sochracha eile (gníomhaíochtaí a bhaineann leis an ngabháltas talmhaíochta).		An líon daoine
MLFO 025	-	Baill teaghlaigh a oibríonn ar an ngabháltas talmhaíochta agus arb é a ngníomhaíocht thánaisteach gníomhaíochtaí sochracha eile (gníomhaíochtaí a bhaineann leis an ngabháltas talmhaíochta).		An líon daoine
Topaic: gníomhaíochtaí sochracha eile nach mbaineann go díreach leis an ngabháltas talmhaíochta				
	Topaic mhionsonraithe: ionchur saothair			
MLFO 028	-	An sealbhóir aonair arb é bainisteoir an ghabháltais talmhaíochta sealbhóra aonair é freisin agus a bhfuil gníomhaíochtaí sochracha eile aige (gníomhaíochtaí nach mbaineann leis an ngabháltas talmhaíochta).		M/S[14]
MLFO 029	-	Baill teaghlaigh sealbhóirí aonair (nuair is é bainisteoir an ghabháltais talmhaíochta an t-aon sealbhóir), a oibríonn ar an ngabháltas talmhaíochta agus arb é a bpríomhghníomhaíocht gníomhaíochtaí sochracha eile (gníomhaíochtaí nach mbaineann leis an ngabháltas talmhaíochta).		An líon daoine

([3]) Aschur deiridh bhandaí céatadáin an ghabháltais: (≥ 0-≤ 10), (> 10-≤ 50), (> 50-< 100).
([4]) M — príomhghníomhaíocht, S — gníomhaíocht thánaisteach.

Athróga			Aonaid/aicmí
MLFO 030	-	Baill teaghlaigh sealbhóirí aonair (nuair is é bainisteoir an ghabháltais talmhaíochta an t-aon sealbhóir), a oibríonn ar an ngabháltas talmhaíochta agus arb é a ngníomhaíocht thánaisteach gníomhaíochtaí sochracha eile (gníomhaíochtaí nach mbaineann leis an ngabháltas talmhaíochta).	An líon daoine

MODÚL 2. FORBAIRT TUAITHE

Athróga				Aonaid/aicmí
Topaic: gabháltais talmhaíochta a bhfuil bearta forbartha tuaithe ina dtaca leo				
MRDV 006	-	-	Tacaíocht d'fheirmeoirí atá ag bunú gnólachta chun feirmeacha beaga a fhorbairt	Tá/níl
	Gealltanais chomhshaoil nó gealltanais a bhaineann leis an aeráid			
MRDV 016	-	Gealltanais chomhshaoil nó gealltanais a bhaineann leis an aeráid		Tá/níl
MRDV 017	-	Leas ainmhithe nó frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha		Tá/níl
MRDV 018	-	Tiontú go feirmeoireacht orgánach nó feirmeoireacht orgánach a choinneáil ar bun		Tá/níl
MRDV 019	-	Caomhnú, úsáid inbhuanaithe agus forbairt acmhainní géiniteacha		Tá/níl
	Gealltanais foraoise, chomhshaoil nó gealltanais a bhaineann leis an aeráid			
MRDV 020	-	Gealltanais chomhshaoil nó gealltanais a bhaineann leis an aeráid ar thalamh foraoise atá ann cheana		Tá/níl
MRDV 021	-	Gealltanais i ndáil le coinneáil ar bun ar thalamh foraoisithe nó córais agrafhoraoiseachta		Tá/níl
	Srianta nádúrtha agus srianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar			
MRDV 022	-	Srianta limistéir nádúrtha nach limistéar sléibhe é		Tá/níl
MRDV 023	-	Srianta limistéir nádúrtha sléibhe		Tá/níl
	Míbhuntáistí de thoradh ceanglais shainordaitheacha áirithe a bhaineann go sonrach le limistéar			
MRDV 024	-	Limistéir talmhaíochta lena mbaineann míbhuntáistí sonracha de thoradh ceanglais shainordaitheacha áirithe (Natura 2000)		Tá/níl
MRDV 025	-	Limistéir foraoise lena mbaineann míbhuntáistí sonracha de thoradh ceanglais shainordaitheacha áirithe (Natura 2000)		Tá/níl
MRDV 026	-	Limistéir talmhaíochta lena mbaineann míbhuntáistí sonracha de thoradh ceanglais shainordaitheacha áirithe (an Treoir Réime maidir le hUisce)		Tá/níl
	Infheistíochtaí agus infheistíochtaí in uisciú			
MRDV 027	-	Infheistíocht ar an bhfeirm		Tá/níl
MRDV 028	-	Infheistíochtaí ar an bhfeirm le haghaidh feirmeacha beaga		Tá/níl
MRDV 029	-	Infheistíochtaí ar fheirmeacha chun córais uiscithe atá ann cheana ar an bhfeirm a fheabhsú		Tá/níl
MRDV 030	-	Infheistíochtaí ar fheirmeacha chun córais uiscithe nua a bhunú ar an bhfeirm		Tá/níl
MRDV 031	-	Infheistíocht neamhtháirgiúil a rannchuidíonn leis na cuspóirí comhshaoil agus aeráide ar an bhfeirm		Tá/níl

Athróga			Aonaid/aicmí
MRDV 032	-	Infheistíochtaí in éagsúlacht ar an bhfeirm	Tá/níl
MRDV 033	-	Infheistíochtaí i dtáirgeadh fuinnimh in-athnuaite ar an bhfeirm	Tá/níl
MRDV 034	-	Infheistíochtaí le haghaidh leas ainmhithe	Tá/níl
MRDV 035	-	Infheistíochtaí chun acmhainn talmhaíochta nó foraoiseachta a athbhunú tar éis tubaiste nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhas turraingeach	Tá/níl
MRDV 036	-	Infheistíochtaí le haghaidh bonneagar sa talmhaíocht	Tá/níl
	Infheistíochtaí foraoise		
MRDV 037	-	Infheistíochtaí i bhforbairt limistéir foraoise/faoi chrainn	Tá/níl
MRDV 038	-	Infheistíocht i bhforaoisí atá ann cheana	Tá/níl
	Feirmeoirí óga, feirmeoirí nua agus gnólachtaí nuathionscanta tuaithe a chur i mbun gnó		
MRDV 039	-	Grúpaí feirmeoirí óga a bhunú	Tá/níl
MRDV 040	-	Gnólacht nuathionscanta gnó tuaithe a bhaineann leis an talmhaíocht nó an fhoraoiseacht, lena n-áirítear feirmeoirí nua a chur i mbun gnó	Tá/níl
MRDV 041	-	Gnólacht nuathionscanta gnó tuaithe (eagraíochtaí neamhthalmhaíochta)	Tá/níl
MRDV 042	-	Gnólacht nuathionscanta gnó tuaithe chun ioncam teaghlaigh feirme a éagsúlú go gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta	Tá/níl
	Uirlisí bainistithe riosca		
MRDV 043	-	Uirlisí bainistithe riosca	Tá/níl
	Comhar		
MRDV 044	-	Comhar chun scéimeanna cáilíochta a chur chun cinn agus chun tacú leo	Tá/níl
MRDV 045	-	Comhar chun tacú le grúpaí táirgeoirí, le heagraíochtaí táirgeoirí nó le heagraíochtaí idirchraoibhe	Tá/níl
MRDV 046	-	Comhar lena ndírítear ar chuspóirí comhshaoil agus aeráide	Tá/níl
MRDV 047	-	Comhar le haghaidh athnuachan glúine	Tá/níl
MRDV 048	-	Tionscadail nuálacha Ghrúpa Oibríochtúil EIP a ullmhú agus a chur chun feidhme	Tá/níl
	Malartú eolais agus scaipeadh faisnéise		
MRDV 049	-	Foghlaim ó thorthaí thionscadail nuálacha Ghrúpa Oibríochtúil EIP	Tá/níl
MRDV 050	-	Páirt a ghlacadh in oiliúint agus i dtaispeáint ar an bhfeirm	Tá/níl
MRDV 051	-	Comhairle ar an bhfeirm a fháil	Tá/níl
MRDV 052	-	Infheistíocht in uirlisí digiteacha le haghaidh córas uiscithe nua nó córas uiscithe atá ann cheana	Tá/níl
MRDV 053	-	Infheistíochtaí in uirlisí digiteacha le haghaidh feirmeacha beaga	Tá/níl
MRDV 054	-	Infheistíochtaí a dhéanamh in uirlisí digiteacha chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh	Tá/níl
MRDV 055	-	Infheistíocht i bhfeirmeoireacht bheacht	Tá/níl
MRDV 056	-	Comhairle nó oiliúint in uirlisí/scileanna digiteacha	Tá/níl

MODÚL 3. TITHÍOCHT AINMHITHE AGUS BAINISTIÚ AR AOILEACH

Athróga				Aonaid/aicmí
Topaic: tithíocht ainmhithe				
	Topaic mhionsonraithe: tithíocht bó-ainmhithe			
MAHM 001	-	Ba déiríochta		Meánlíon
MAHM 002	-	-	Ba déiríochta i stallaí stáinsí (sciodar)	Áiteanna
MAHM 003	-	-	Ba neamhdhéiríochta i stallaí stáinsí (aoileach soladach)	Áiteanna
MAHM 004	-	-	Ba déiríochta i dtithíocht scaoilte/chubhachail (sciodar)	Áiteanna
MAHM 005	-	-	Ba déiríochta i dtithíocht scaoilte/chubhachail (aoileach soladach)	Áiteanna
MAHM 006	-	-	Ba déiríochta i gcineálacha eile tithíochta (sciodar)	Áiteanna
MAHM 007	-	-	Ba déiríochta i gcineálacha eile tithíochta (aoileach soladach)	Áiteanna
MAHM 008	-	-	Ba déiríochta atá lasmuigh i gcónaí	Áiteanna
MAHM 009	-	-	Ba déiríochta atá lasmuigh cuid den am (innilt)	Míonna
MAHM 010	-	-	Ba déiríochta a bhfuil rochtain acu ar chlóis aclaíochta	Tá/níl
MAHM 011	-	Bó-ainmhithe eile		Meánlíon
MAHM 012	-	-	Bó-ainmhithe eile i stallaí stáinsí (sciodar)	Áiteanna
MAHM 013	-	-	Bó-ainmhithe eile i stallaí stáinsí (aoileach soladach)	Áiteanna
MAHM 014	-	-	Bó-ainmhithe eile i dtithíocht scaoilte/chubhachail (sciodar)	Áiteanna
MAHM 015	-	-	Bó-ainmhithe eile i dtithíocht scaoilte/chubhachail (aoileach soladach)	Áiteanna
MAHM 016	-	-	Bó-ainmhithe eile i gcineálacha eile tithíochta (sciodar)	Áiteanna
MAHM 017	-	-	Bó-ainmhithe eile i gcineálacha eile tithíochta (aoileach soladach)	Áiteanna
MAHM 018	-	-	Bó-ainmhithe eile atá lasmuigh i gcónaí	Áiteanna
MAHM 019	-	-	Bó-ainmhithe eile atá lasmuigh cuid den am (innilt)	Míonna
MAHM 020	-	-	Bó-ainmhithe eile a bhfuil rochtain acu ar chlóis aclaíochta	Tá/níl
	Topaic mhionsonraithe: tithíocht muc			
MAHM 021	-	Cránacha pórúcháin		Meánlíon
MAHM 022	-	-	Cránacha pórúcháin ar urlár lataí	Áiteanna
MAHM 023	-	-	Cránacha pórúcháin ar urlár páirt-lataí	Áiteanna
MAHM 024	-	-	Cránacha pórúcháin i dtithíocht urláir sholadaigh (seachas domhaineasair)	Áiteanna
MAHM 025	-	-	Cránacha pórúcháin i gcás ina bhfuil an dromchla iomlán ina dhomhaineasair	Áiteanna
MAHM 026	-	-	Cránacha pórúcháin i gcineálacha eile tithíochta	Áiteanna
MAHM 027	-	-	Cránacha pórúcháin lasmuigh (saor-raoin)	Áiteanna
MAHM 028	-	-	Cránacha pórúcháin lasmuigh (saor-raoin)	Míonna
MAHM 029	-	Muca eile		Meánlíon
MAHM 030	-	-	Muca pórúcháin ar urlár lataí	Áiteanna

Athróga				Aonaid/aicmí
MAHM 031	-	-	Muca eile ar urlár páirt-lataí	Áiteanna
MAHM 032	-	-	Muca eile i dtithíocht urláir sholadaigh (seachas domhaineasair)	Áiteanna
MAHM 033	-	-	Muca eile i gcás ina bhfuil an dromchla iomlán ina dhomhaineasair	Áiteanna
MAHM 034	-	-	Muca eile i gcineálacha eile tithíochta	Áiteanna
MAHM 035	-	-	Muca eile lasmuigh (saor-raoin)	Áiteanna
MAHM 036	-	-	Muca a bhfuil rochtain acu ar chlóis aclaíochta	Tá/níl
	Topaic mhionsonraithe: tithíocht béaróg			
MAHM 037	-	Béaróga		Meánlíon
MAHM 038	-	-	Béaróga i dtithíocht domhaineasrach	Áiteanna
MAHM 039	-	-	Béaróga i dteach éanlainne (gan easair)	Áiteanna
MAHM 040	-	-	Béaróga i gcáis ag a bhfuil criosanna aoiligh	Áiteanna
MAHM 041	-	-	Béaróga i gcáis ag a bhfuil claiseanna doimhne	Áiteanna
MAHM 042	-	-	Béaróga i gcáis ag a bhfuil cró thuas ar mhaidí	Áiteanna
MAHM 043	-	-	Béaróga i gcineálacha eile tithíochta	Áiteanna
MAHM 044	-	-	Cránacha pórúcháin lasmuigh (saor-raoin)	Áiteanna
Topaic: úsáid cothaitheach agus aoileach ar an bhfeirm				
	Topaic mhionsonraithe: LTÚ a gcuirtear leasachán air			
MAHM 045	-	LTÚ iomlán arna leasú le leasacháin mhianracha		Heicteáir
MAHM 046	-	LTÚ iomlán arna leasú le haoileach		Heicteáir
	Topaic mhionsonraithe: aoileach a onnmhairíodh ón ngabháltas talmhaíochta agus a allmhairíodh chuige			
		Glanonnmhairiú aoiligh ón bhfeirm		
MAHM 047	-	-	Glanonnmhairiú aoiligh leachtaigh/sciodair ón bhfeirm	m^3
MAHM 048	-	-	Glanonnmhairiú aoiligh sholadaigh ón bhfeirm	tona
	Topaic mhionsonraithe: leasacháin orgánacha agus dhramhaílbhunaithe seachas aoileach			
MAHM 049	-	Leasacháin orgánacha agus dhramhaílbhunaithe seachas aoileach a úsáidtear ar an ngabháltas talmhaíochta		tona
Topaic: teicnící leata aoiligh				
	Topaic mhionsonraithe: am ionchorpraithe de réir chineál an leata			
		Leathadh		
MAHM 050	-	-	Ionchorprú laistigh de 4 uair an chloig	% banda ([5])
MAHM 051	-	-	Ionchorprú tar éis 4 uair an chloig	% banda[15]
MAHM 052	-	-	Ionchorprú ar bith	% banda[15]
		Leathadh i stráice		
MAHM 053	-	-	Píobán sraoilleach	% banda[15]
MAHM 054	-	-	Crú sraoilleach	% banda[15]

([5]) Aoileach a leatar le bandaí céatadáin sonracha den teicníc leata: (0), (>0-<25), (≥25-<50), (≥50-<75), (≥75-<100), (100).

Athróga				Aonaid/aicmí
		Instealladh		
MAHM 055	-	-	Éadomhain/scoilt oscailte	% banda[15]
MAHM 056	-	-	Domhain/scoilt dhúnta	% banda[15]
Topaic: saoráidí le haghaidh aoiligh				
	Topaic mhionsonraithe: saoráidí agus acmhainn stórála aoiligh			
MAHM 057	-	Stóráil sholadach aoiligh i gcairn		%
MAHM 058	-	Aoileach atá stóráilte i gcairn mhúirín		%
MAHM 059	-	Aoileach a stóráiltear i gclaiseanna faoi ghaibhniú ainmhithe		%
MAHM 060	-	Aoileach a stóráiltear i gcórais domhaineasrach		%
MAHM 061	-	Stóráil aoiligh leachtaigh/sciodair gan chlúdach		%
MAHM 062	-	Stóráil aoiligh leachtaigh/sciodair gan chlúdach tréscaoilteach		%
MAHM 063	-	Stóráil aoiligh leachtaigh/sciodair gan chlúdach neamh-thréscaoilteach		%
MAHM 064	-	Aoileach atá stóráilte i saoráidí eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile		%
MAHM 065	-	Leathadh laethúil		%
MAHM 066	-	Aoileach atá stóráilte i gcairn mhúirín		Míonna
MAHM 067	-	Stóráil aoiligh i gclaiseanna faoi ghaibhniú ainmhithe		Míonna
MAHM 068	-	Stóráil aoiligh i gcórais domhaineasrach		Míonna
MAHM 069	-	Stóráil aoiligh leachtaigh/sciodair gan chlúdach		Míonna
MAHM 070	-	Aoileach atá stóráilte i saoráidí eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile		Míonna

MODÚL 4. FÍONGHORT

Athróga				Aonaid/aicmí
Topaic: fíonchaora le haghaidh fíona				
	Topaic mhionsonraithe: achar agus aois			
MVIN 001	-	Fíonchaora le haghaidh fíona		Heicteáir
MVIN 002	-	-	Fíonchaora le haghaidh fíona in aicme aoise < 3 bliana	Heicteáir
MVIN 003	-	-	Fíonchaora le haghaidh fíona in aicme aoise idir 3 agus 9 mbliana	Heicteáir
MVIN 004	-	-	Fíonchaora le haghaidh fíona in aicme aoise idir 10 agus 19 mbliana	Heicteáir
MVIN 005	-	-	Fíonchaora le haghaidh fíona in aicme aoise idir 20 agus 29 mbliana	Heicteáir
MVIN 006	-	-	Fíonchaora le haghaidh fíona in aicme aoise >= 30 bliana	Heicteáir
Topaic: cineálacha fíniúna				
	Topaic mhionsonraithe: líon na gcineálacha			
MVIN 007	-	Líon na gcineálacha (iii)		Líon
	Topaic mhionsonraithe: cód agus achar			
MVIN 008_iii	-	Limistéar tagartha		Cód
MVIN 009_iii	-	Aitheantóir gabháltais talmhaíochta (mar an gcéanna le CGNR 001)		Slánuimhir

Athróga			Aonaid/aicmí
MVIN 010_iii	-	Cód an chineáil fíniúna	Cód
MVIN 011_iii	-	Limistéar le haghaidh an chineáil fíniúna	Heicteáir

IARSCRÍBHINN III

Tuairisc ar na hathróga a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo atá le húsáid i gcás na sonraí modúlacha ([1])

MODÚL 1. LUCHT SAOTHAIR AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ SOCHRACHA EILE

TUAIRISC AR ATHRÓGA LUCHTA SAOTHAIR		
Maidir le hathróga a ghabhann le lucht saothair, socróidh gach Ballstát tréimhse thagartha 12 mhí a dtiocfaidh críoch léi laistigh den bhliain tagartha.		
Sealbhóir		
*Is é an **sealbhóir** an duine nádúrtha (nó an duine nádúrtha roghnaithe i gcás gabháltas grúpa) a dhéantar an gabháltas a oibriú thar a cheann nó ina ainm agus an duine atá freagrach go dlíthiúil agus go heacnamaíoch as an ngabháltas. Más duine dlítheanach é an sealbhóir, ní bhailítear sonraí maidir leis an sealbhóir.*		
*Sainmhínítear **obair feirme** in Iarscríbhinn I - I. ATHRÓGA GINEARÁLTA*		
Topaic: bainistiú feirme		
	Topaicí mionsonraithe: sealbhóir agus cothromaíocht inscne	
MLFO 001	-	**Gnéas an tsealbhóra** Gnéas an tsealbhóra F — Fireann B — Baineann
MLFO 002	-	**Bliain bhreithe** Bliain bhreithe an tsealbhóra
	Topaic mhionsonraithe: ionchur saothair	
MLFO 003	-	**Obair feirme an tsealbhóra ar an ngabháltas talmhaíochta** Banda céatadáin aonaid oibrithe bhliantúla na hoibre feirme ar an ngabháltas talmhaíochta don sealbhóir, seachas obair tí.
	Topaic mhionsonraithe: bearta sábháilteachta, lena n-áirítear plean sábháilteachta na feirme	
MLFO 004	-	**Plean sábháilteachta na feirme** Rinne an fheirm measúnú riosca san ionad oibre chun na guaiseacha a bhaineann leis an obair a laghdú, rud a raibh doiciméad scríofa ina thoradh air (amhail 'plean sábháilteachta na feirme').
Topaic: lucht saothair teaghlaigh		
	Topaicí mionsonraithe: ionchur saothair, líon na ndaoine atá rannpháirteach agus cothromaíocht inscne	
	Baill teaghlaigh a dhéanann obair feirme *Níl feidhm ag an ítim seo ach amháin maidir le gabháltais sealbhóra aonair, toisc go meastar nach bhfuil lucht saothair teaghlaigh ag gabháltais ghrúpa agus ag daoine dlítheanacha.* *Áirítear ar **bhaill teaghlaigh** a dhéanann obair feirme (seachas obair tí) céile nó páirtí aitheanta, gaolta sa líne shinsearach agus íslitheach, agus siblíní an tsealbhóra agus chéile nó pháirtí aitheanta an tsealbhóra ar ghabháltais sealbhóra aonair. Nuair is ábhartha, áirítear orthu sin bainisteoir ar ball de theaghlach an tsealbhóra é.*	
MLFO 005	-	**Fireannaigh theaghlaigh a dhéanann obair feirme** Líon na bhfireannach teaghlaigh in aghaidh bhanda céatadáin na n-aonad oibre bliantúil
MLFO 006	-	**Baineannaigh theaghlaigh a dhéanann obair feirme** Líon na mbaineannach teaghlaigh in aghaidh bhanda céatadáin na n-aonad oibre bliantúil

([1]) Féadfaidh na cóid agus na haitheantóirí coincheapa a úsáidtear le linn tarchur iarbhír sonraí a bheith éagsúil leis na cóid agus na haitheantóirí coincheapa a léirítear san Iarscríbhinn.

TUAIRISC AR ATHRÓGA LUCHTA SAOTHAIR			
Topaic: lucht saothair neamhtheaghlaigh			
	Topaicí mionsonraithe: ionchur saothair, líon na ndaoine fostaithe agus cothromaíocht inscne		
		Lucht saothair neamhtheaghlaigh a oibríonn go tráthrialta ar an ngabháltas talmhaíochta *Tagraíonn an **lucht saothair a oibríonn go tráthrialta ar an bhfeirm** do dhaoine seachas an sealbhóir agus baill teaghlaigh a rinne obair feirme gach seachtain ar an ngabháltas talmhaíochta le linn an 12 mhí dar críoch lá tagartha an tsuirbhé, gan beann ar fhad na seachtaine oibre, agus gan beann ar cibé an bhfuair siad aon chineál luacha saothair (tuarastal, pá, brabúis nó íocaíochtaí eile, lena n-áirítear íocaíochtaí comhchineáil). Áirítear leis freisin daoine nach raibh in ann obair a dhéanamh ar feadh na tréimhse ar fad, ar cheann de na cúiseanna seo a leanas, cuir i gcás:* (i) *coinníollacha speisialta táirgthe ar shainghabháltais talmhaíochta; nó* (ii) *asláithreacht mar gheall ar laethanta saoire, seirbhís mhíleata, breoiteacht, tionóisc nó bás; nó* (iii) *tosú nó scor fostaíochta leis an ngabháltas talmhaíochta; nó* (iv) *stad iomlán ar an obair sa ghabháltas talmhaíochta de bharr cúiseanna tionóisceacha (tuilte, tine, etc.).*	
MLFO 007	-	-	**Lucht saothair neamhtheaghlaigh fireann a oibríonn go tráthrialta ar an bhfeirm** Líon na bhfear sa lucht saothair neamhtheaghlaigh, in aghaidh bhanda céatadáin na n-aonad oibre bliantúil.
MLFO 008	-	-	**Lucht saothair neamhtheaghlaigh baineann a oibríonn go tráthrialta ar an bhfeirm** Líon na mban sa lucht saothair neamhtheaghlaigh, in aghaidh bhanda céatadáin na n-aonad oibre bliantúil.
	Topaic mhionsonraithe: lucht saothair neamhrialta atá fostaithe ag an bhfeirm		
		*Tagraíonn **lucht saothair neamhtheaghlaigh atá fostaithe go neamhrialta** d'oibrithe nár oibrigh gach seachtain ar an ngabháltas talmhaíochta sna 12 mhí dar críoch lá tagartha an tsuirbhé ar chúis seachas na cúiseanna sin a liostaítear faoin lucht saothair neamhtheaghlaigh atá fostaithe go tráthrialta.* *Is éard atá i gceist le **laethanta oibre a dhéanann an lucht saothair neamhtheaghlaigh atá fostaithe go neamhrialta** aon lá ar cibé fad a íoctar leis an oibrí an tuarastal nó luach saothair de chineál ar bith (pá, brabúis, nó íocaíochtaí eile lena n-áirítear íocaíochtaí comhchineáil) i gcomhair lá iomlán oibre, ar lena linn a dhéantar obair den chineál a dhéanann oibrí talmhaíochta lánaimseartha de ghnáth. Ní áirítear laethanta saoire ná breoiteachta mar laethanta oibre.*	
MLFO 009	-	**Saothar neamhtheaghlaigh atá fostaithe go neamhrialta: fireann agus baineann** An líon iomlán laethanta oibre lánaimseartha daoine nach bhfuil fostaithe go tráthrialta ar an ngabháltas talmhaíochta.	
	Topaic mhionsonraithe: ionchur saothair a dhéanann conraitheoirí		
MLFO 010	-	**Daoine nach bhfuil fostaithe go díreach ag an ngabháltas talmhaíochta agus nach bhfuil san áireamh sna catagóirí a tháinig roimhe seo** An líon iomlán laethanta oibre lánaimseartha a dhéanann daoine ar an ngabháltas talmhaíochta, ar daoine iad nach bhfuil fostaithe go díreach ag an ngabháltas talmhaíochta (e.g. fochonraitheoirí atá fostaithe ag tríú páirtithe).	
Topaic: gníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach leis an ngabháltas talmhaíochta *Déantar faisnéis faoi **ghníomhaíochtaí sochracha eile** a thaifeadadh mar seo a leanas:* (i) *sealbhóirí gabháltas sealbhóra aonair agus sealbhóirí gabháltas grúpa* (ii) *na baill teaghlaigh i ngabháltais sealbhóra aonair.* *Ní bhailítear aon fhaisnéis faoi ghníomhaíochtaí sochracha eile le haghaidh gabháltais dhlíthiúla.*			

TUAIRISC AR ATHRÓGA LUCHTA SAOTHAIR

*Tagraíonn **gníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach** leis an ngabháltas talmhaíochta do ghníomhaíochtaí sochracha eile:*

a) *gníomhaíochtaí sochracha ar an ngabháltas talmhaíochta; nó*

b) *gníomhaíochtaí sochracha lasmuigh den ghabháltas talmhaíochta*.

Is éard atá i gceist le **gníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach leis an ngabháltas talmhaíochta** gníomhaíochtaí ina n-úsáidtear acmhainní an ghabháltais talmhaíochta (limistearr, foirgnimh, innealra, etc.) nó a tháirgí féin sa ghníomhaíocht. Áirítear obair neamhthalmhaíochta, chomh maith le hobair thalmhaíochta le haghaidh gabháltais talmhaíochta eile. Eisiatar glan-infheistíochtaí airgeadais. Eisiatar freisin an talamh a ligean ar cíos le haghaidh gníomhaíochtaí éagsúla gan a thuilleadh rannpháirtíochta sna gníomhaíochtaí.

	Topaic mhionsonraithe: na cineálacha gníomhaíochtaí		
MLFO 011	-	**Seirbhísí sláinte, sóisialta nó oideachais a sholáthar** Aon ghníomhaíocht a bheith ann a bhaineann le soláthar seirbhísí sláinte, sóisialta nó oideachais agus/nó gníomhaíochtaí gnó a bhfuil baint acu le cúrsaí sóisialta, ar gníomhaíocht í ina mbaintear úsáid as acmhainní an ghabháltais talmhaíochta nó a tháirgí príomhúla.	
MLFO 012	-	**Turasóireacht, cóiríocht agus gníomhaíochtaí fóillíochta eile** Aon ghníomhaíocht a bheith ann a bhaineann le turasóireacht, seirbhísí cóiríochta, a thaispeánann an gabháltas talmhaíochta do thurasóirí nó do ghrúpaí eile, gníomhaíochtaí spóirt agus fóillíochta, etc. ina n-úsáidtear talamh, foirgnimh nó acmhainní eile de chuid an ghabháltais talmhaíochta.	
MLFO 013	-	**Lámhcheardaíocht** Monarú earraí lámhthoraidh a bheith ann, ar earraí iad a mhonaraíonn an sealbhóir nó na baill teaghlaigh nó an lucht saothair neamhtheaghlaigh ar an ngabháltas talmhaíochta, gan beann ar an gcaoi a ndíoltar na táirgí.	
MLFO 014	-	**Táirgí feirme a phróiseáil** Aon phróiseáil ar tháirge príomhúil talmhaíochta go dtí táirge próiseáilte tánaisteach a bheith ann ar an ngabháltas talmhaíochta, is cuma cé acu a tháirgtear an t-amhábhar ar an ngabháltas talmhaíochta nó a cheannaítear ó lasmuigh é.	
MLFO 015	-	**Fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh** Fuinneamh in-athnuaite a bheith á tháirgeadh don mhargadh, lena n-áirítear bithghás, bithbhreoslaí nó leictreachas, trí thuirbíní gaoithe, trealamh eile nó ó amhábhair thalmhaíochta. Ní áirítear fuinneamh in-athnuaite a tháirgtear d'úsáid an ghabháltais talmhaíochta féin, agus don úsáid sin amháin.	
MLFO 016	-	**Próiseáil adhmaid** Próiseáil adhmaid amh a bheith ann ar an ngabháltas talmhaíochta don mhargadh (adhmad a shábhadh, etc.).	
MLFO 017	-	**Dobharshaothrú** Táirgeadh iasc, cráifisceanna, etc., a bheith ar an ngabháltas talmhaíochta. Eisiatar gníomhaíochtaí, ar gníomhaíochtaí iad nach mbaineann ach le hiascaireacht.	
		Obair chonarthach (ina mbaintear úsáid as modhanna táirgeachta an ghabháltais talmhaíochta) *Obair chonarthach ina mbaintear úsáid as trealamh an ghabháltais talmhaíochta, agus idirdhealú á dhéanamh idir obair atá laistigh d'earnáil na talmhaíochta nó lasmuigh di.*	
MLFO 018	-	-	**Obair chonarthach thalmhaíochta** Obair laistigh d'earnáil na talmhaíochta a bheith ann.
MLFO 019	-	-	**Obair chonarthach neamhthalmhaíochta** Obair lasmuigh d'earnáil na talmhaíochta a bheith ann (e.g. sneachta a ghlanadh, obair tharlaithe, cothabháil tírdhreach, seirbhísí talmhaíochta agus comhshaoil, etc.).
MLFO 020	-	**Foraoiseacht** Obair foraoiseachta a bheith ann trí úsáid a bhaint as lucht saothair na feirme agus innealra agus trealamh an ghabháltais talmhaíochta a úsáidtear de ghnáth chun críoch talmhaíochta.	

		TUAIRISC AR ATHRÓGA LUCHTA SAOTHAIR
MLFO 021	-	**Gníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach leis an ngabháltas talmhaíochta nach n-aicmítear in áit ar bith eile** Gníomhaíochtaí sochracha eile a bheith ann a bhaineann go díreach leis an ngabháltas talmhaíochta nach n-aicmítear in áit ar bith eile.
	Topaic mhionsonraithe: an tábhacht don ghabháltas talmhaíochta	
MLFO 022	-	**An céatadán de ghníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach leis an ngabháltas talmhaíochta de réir aschur deiridh an ghabháltais talmhaíochta.** Banda céatadáin na ngníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach leis an ngabháltas talmhaíochta de réir aschur an ghabháltais talmhaíochta. An sciar de na gníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach leis an ngabháltas talmhaíochta in aschur an ghabháltais talmhaíochta, déantar é a mheas mar an sciar de na gníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach le láimhdeachas an ghabháltais talmhaíochta i suim láimhdeachais iomláin an ghabháltais talmhaíochta agus íocaíochtaí díreacha an ghabháltais talmhaíochta sin faoi Rialachán (AE) Uimh. 1307/2013 nó, i gcás inarb infheidhme, an reachtaíocht is déanaí. $$RATIO = \frac{\text{Turnover of other gainful activities directly related to the holding}}{\text{Total holding turnover}\left(\begin{array}{c}\text{agricultural + other gainful activities directly}\\ \text{related to the holding + direct payments}\end{array}\right)}$$
	Topaic mhionsonraithe: ionchur saothair *Baineann an ítim seo leis na nithe seo a leanas:* (i) *sealbhóirí gabháltas sealbhóra aonair agus sealbhóirí gabháltas grúpa;* (ii) *na baill teaghlaigh i ngabháltais sealbhóra aonair.* *Ní bhailítear aon fhaisnéis le haghaidh gabháltais dhlíthiúla.*	
MLFO 023	-	**Sealbhóir a bhfuil gníomhaíochtaí sochracha eile aige (gníomhaíochtaí a bhaineann leis an ngabháltas talmhaíochta)** Tá gníomhaíochtaí sochracha eile a bhaineann go díreach leis an ngabháltas talmhaíochta ag sealbhóir gabháltas sealbhóra aonair nó ag sealbhóir gabháltas grúpa: M — príomhghníomhaíocht S — gníomhaíocht thánaisteach Is féidir na gníomhaíochtaí a dhéanamh ar an ngabháltas talmhaíochta féin (obair nach obair feirme í ar an ngabháltas talmhaíochta), nó lasmuigh den ghabháltas talmhaíochta.
MLFO 024	-	**Baill teaghlaigh a oibríonn ar an ngabháltas talmhaíochta agus arb é a bpríomhghníomhaíocht gníomhaíochtaí sochracha eile (gníomhaíochtaí a bhaineann leis an ngabháltas talmhaíochta)** Líon na mball teaghlaigh arb é a bpríomhghníomhaíocht gníomhaíochtaí sochracha eile a dhéanamh a bhaineann go díreach leis an ngabháltas talmhaíochta.
MLFO 025	-	**Baill teaghlaigh a oibríonn ar an ngabháltas talmhaíochta agus arb é a ngníomhaíocht thánaisteach gníomhaíochtaí sochracha eile (gníomhaíochtaí a bhaineann leis an ngabháltas talmhaíochta)** Líon na mball teaghlaigh arb é a ngníomhaíocht thánaisteach gníomhaíochtaí sochracha eile a dhéanamh a bhaineann go díreach leis an ngabháltas talmhaíochta.

TUAIRISC AR ATHRÓGA LUCHTA SAOTHAIR

Topaic: gníomhaíochtaí sochracha eile nach mbaineann go díreach leis an ngabháltas talmhaíochta

Is tagairt é sin d'obair ar an ngabháltas talmhaíochta nach obair feirme í agus d'obair lasmuigh den ghabháltas talmhaíochta. Áirítear leis sin gach gníomhaíocht a dhéantar le haghaidh luach saothair (tuarastal, pá, brabúis nó íocaíocht eile, lena n-áirítear íocaíocht chomhchineáil) seachas na nithe seo a leanas:

(i) *an obair feirme ar an ngabháltas talmhaíochta: agus*

(ii) *gníomhaíochtaí sochracha eile an tsealbhóra a bhaineann go díreach leis an ngabháltas talmhaíochta.*

***Gníomhaíochtaí sochracha eile nach mbaineann** leis an ngabháltas talmhaíochta, tagraíonn siad do na gníomhaíochtaí sochracha eile seo a leanas:*

a) *gníomhaíochtaí sochracha ar an ngabháltas talmhaíochta (obair nach obair feirme í ar an ngabháltas talmhaíochta); nó*

b) *gníomhaíochtaí sochracha lasmuigh den ghabháltas talmhaíochta.*

		Topaic mhionsonraithe: ionchur saothair
MLFO 028	-	**An sealbhóir aonair arb é bainisteoir an ghabháltais talmhaíochta sealbhóra aonair é freisin agus a bhfuil gníomhaíochtaí sochracha eile aige (gníomhaíochtaí nach mbaineann leis an ngabháltas talmhaíochta)** Tá gníomhaíochtaí sochracha ag an sealbhóir nach mbaineann go díreach leis an ngabháltas talmhaíochta: M — príomhghníomhaíocht S — gníomhaíocht thánaisteach Is féidir na gníomhaíochtaí a dhéanamh ar an ngabháltas talmhaíochta féin (obair nach obair feirme í ar an ngabháltas talmhaíochta), nó lasmuigh den ghabháltas talmhaíochta.
MLFO 029	-	**Baill teaghlaigh sealbhóirí aonair (nuair is é bainisteoir an ghabháltais talmhaíochta an t-aon sealbhóir), a oibríonn ar an ngabháltas talmhaíochta agus arb é a ngníomhaíocht thánaisteach gníomhaíochtaí sochracha eile (gníomhaíochtaí nach mbaineann leis an ngabháltas talmhaíochta)** Líon na mball teaghlaigh arb é a bpríomhghníomhaíocht gníomhaíochtaí sochracha nach mbaineann leis an ngabháltas talmhaíochta.
MLFO 030	-	**Baill teaghlaigh sealbhóirí aonair (nuair is é bainisteoir an ghabháltais talmhaíochta an t-aon sealbhóir), atá ag obair ar an ngabháltas talmhaíochta agus arb é a ngníomhaíocht thánaisteach gníomhaíochtaí sochracha eile (gníomhaíochtaí nach mbaineann leis an ngabháltas talmhaíochta)** Líon na mball teaghlaigh arb é a ngníomhaíocht thánaisteach gníomhaíochtaí sochracha nach mbaineann leis an ngabháltas talmhaíochta.

MODÚL 2. FORBAIRT TUAITHE

TUAIRISC AR ATHRÓGA FORBARTHA TUAITHE

Maidir le hathróga a ghabhann le bearta a cuireadh chun feidhme ar na gabháltais talmhaíochta aonair, is éard a bheidh sa tréimhse thagartha an tréimhse 3 bliana dar críoch an 31 Nollaig den bhliain tagartha.

Topaic: gabháltais talmhaíochta a bhfuil bearta forbartha tuaithe ina dtaca leo

Meastar gur bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe, le 3 bliana anuas, as na bearta a leagtar amach in Airteagail 31, 70, 71, 72, 73, 74, 75, 76, 77, 78 agus 114(b) de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) agus Airteagal 19(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 i gcomhréir le caighdeáin agus rialacha áirithe atá leagtha síos, ar caighdeáin agus rialacha iad a shonraítear sa reachtaíocht is déanaí, gan beann ar cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an íocaíocht le linn na tréimhse tagartha, fad agus a rinneadh cinneadh dearfach maidir leis an mbeart sin a dhámhachtain (e.g. glacadh leis an iarratas ar fhóirdheontas).

([2]) Rialachán (AE) 2021/2115ó pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj).

TUAIRISC AR ATHRÓGA FORBARTHA TUAITHE		
MRDV 006	-	**Tacaíocht d'fheirmeoirí atá ag bunú gnólachta chun feirmeacha beaga a fhorbairt** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as bearta forbartha tuaithe faoi Airteagal 19(1), pointe (a)(iii) de Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013.
	Gealltanais chomhshaoil nó gealltanais a bhaineann leis an aeráid	
MRDV 016	-	**Gealltanais chomhshaoil nó gealltanais a bhaineann leis an aeráid** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagail 31 agus 70 de Rialachán (AE) 2021/2115, ag dul níos faide ná na ceanglais shainordaitheacha i réimsí gníomhaíochta amhail oiriúnú don athrú aeráide, maolú ar an athrú aeráide, cáilíocht uisce, ithir, bithéagsúlacht nó lotnaidicídí.
MRDV 017	-	**Leas ainmhithe nó frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagail 31 agus 70 de Rialachán (AE) 2021/2115, ag dul níos faide ná na ceanglais shainordaitheacha maidir le leas ainmhithe nó frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a dtacaítear leo faoi íocaíochtaí díreacha (éiciscéimeanna) nó faoi fhorbairt tuaithe (gealltanais maidir le leas ainmhithe).
MRDV 018	-	**Tiontú go feirmeoireacht orgánach nó feirmeoireacht orgánach a choinneáil ar bun** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagail 31 agus 70 de Rialachán (AE) 2021/2115, ag dul níos faide ná na ceanglais shainordaitheacha maidir le tiontú go feirmeoireacht orgánach nó feirmeoireacht orgánach a choinneáil ar bun.
MRDV 019	-	**Caomhnú, úsáid inbhuanaithe agus forbairt acmhainní géiniteacha** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagail 31 agus 70 de Rialachán (AE) 2021/2115, ag dul níos faide ná na ceanglais shainordaitheacha maidir le caomhnú, úsáid inbhuanaithe agus forbairt foinsí acmhainní géiniteacha.
	Gealltanais foraoise, chomhshaoil nó gealltanais a bhaineann leis an aeráid	
MRDV 020	-	**Gealltanais chomhshaoil nó gealltanais a bhaineann leis an aeráid ar thalamh foraoise atá ann cheana** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagail 31 agus 70 de Rialachán (AE) 2021/2115, ag dul níos faide ná na ceanglais shainordaitheacha maidir le gealltanais chomhshaoil nó gealltanais a bhaineann leis an aeráid ar thalamh foraoise atá ann cheana.
MRDV 021	-	**Gealltanais i ndáil le coinneáil ar bun ar thalamh foraoisithe nó córais agrafhoraoiseachta** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 70 de Rialachán (AE) 2021/2115, ag dul níos faide ná na ceanglais shainordaitheacha maidir le gealltanais i ndáil le coinneáil ar bun ar thalamh foraoisithe nó córais agrafhoraoiseachta.
	Srianta nádúrtha agus srianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar	
MRDV 022	-	**Srianta limistéir nádúrtha nach limistéar sléibhe é** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2021/2115, maidir le srianta limistéir nádúrtha nach limistéar sléibhe é.
MRDV 023	-	**Srianta limistéir nádúrtha sléibhe** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 71 de Rialachán (AE) 2021/2115, maidir le srianta limistéir nádúrtha sléibhe.

TUAIRISC AR ATHRÓGA FORBARTHA TUAITHE		
	Míbhuntáistí de thoradh ceanglais shainordaitheacha áirithe a bhaineann go sonrach le limistéar	
MRDV 024	-	**Limistéir talmhaíochta lena mbaineann míbhuntáistí sonracha de thoradh ceanglais shainordaitheacha áirithe (Natura 2000)** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 72 de Rialachán (AE) 2021/2115, maidir le hinfheistíochtaí i dtáirgeadh fuinnimh in-athnuaite ar an bhfeirm
MRDV 025	-	**Limistéir foraoise lena mbaineann míbhuntáistí sonracha de thoradh ceanglais shainordaitheacha áirithe (Natura 2000)** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 72 de Rialachán (AE) 2021/2115, maidir le hinfheistíochtaí i dtáirgeadh fuinnimh in-athnuaite ar an bhfeirm
MRDV 026	-	**Limistéir talmhaíochta lena mbaineann míbhuntáistí sonracha de thoradh ceanglais shainordaitheacha áirithe (an Treoir Réime maidir le hUisce)** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 72 de Rialachán (AE) 2021/2115, maidir le limistéir talmhaíochta lena mbaineann míbhuntáistí sonracha de thoradh ceanglais shainordaitheacha áirithe (an Treoir Réime maidir le hUisce).
	Infheistíochtaí agus infheistíochtaí in uisciú	
MRDV 027	-	**Infheistíocht ar an bhfeirm** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 73 de Rialachán (AE) 2021/2115, maidir le hinfheistíochtaí ar an bhfeirm.
MRDV 028	-	**Infheistíochtaí ar an bhfeirm le haghaidh feirmeacha beaga** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 73 de Rialachán (AE) 2021/2115, maidir le hinfheistíochtaí ar an bhfeirm le haghaidh feirmeacha beaga.
MRDV 029	-	**Infheistíochtaí ar fheirmeacha chun córais uiscithe atá ann cheana ar an bhfeirm a fheabhsú** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagail 73 agus 74 de Rialachán (AE) 2021/2115, chun córais uiscithe atá ann cheana ar an bhfeirm a fheabhsú.
MRDV 030	-	**Infheistíochtaí ar fheirmeacha chun córais uiscithe nua a bhunú ar an bhfeirm** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagail 73 agus 74 de Rialachán (AE) 2021/2115, chun córais uiscithe nua a bhunú ar an bhfeirm.
MRDV 031	-	**Infheistíocht neamhtháirgiúil a rannchuidíonn leis na cuspóirí comhshaoil agus aeráide ar an bhfeirm** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 73 de Rialachán (AE) 2021/2115, maidir le hinfheistíocht neamhtháirgiúil a rannchuidíonn leis na cuspóirí comhshaoil agus aeráide ar an bhfeirm (mar shampla, gnéithe tírdhreacha amhail fálta, etc.)
MRDV 032	-	**Infheistíochtaí in éagsúlacht ar an bhfeirm** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 73 de Rialachán (AE) 2021/2115,maidir le hinfheistíochtaí in éagsúlú ar an bhfeirm

TUAIRISC AR ATHRÓGA FORBARTHA TUAITHE		
MRDV 033	-	**Infheistíochtaí i dtáirgeadh fuinnimh in-athnuaite ar an bhfeirm** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 73 de Rialachán (AE) 2021/2115,maidir le hinfheistíochtaí i dtáirgeadh fuinnimh in-athnuaite ar an bhfeirm
MRDV 034	-	**Infheistíochtaí le haghaidh leas ainmhithe** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 73 de Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le hinfheistíochtaí le haghaidh leas ainmhithe.
MRDV 035	-	**Infheistíochtaí chun acmhainn talmhaíochta nó foraoiseachta a athbhunú tar éis tubaiste nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhas turraingeach** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 73 de Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le hinfheistíochtaí chun acmhainneacht talmhaíochta nó foraoiseachta a athbhunú tar éis tubaiste nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide nó teagmhas turraingeach.
MRDV 036	-	**Infheistíochtaí le haghaidh bonneagar sa talmhaíocht** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 73 de Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le hinfheistíochtaí le haghaidh bonneagar sa talmhaíocht.
	Infheistíochtaí foraoise	
MRDV 037	-	**Infheistíochtaí i bhforbairt limistéir foraoise/faoi chrainn** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 73 de Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le hinfheistíochtaí i bhforbairt foraoise/limistéir faoi chrainn (amhail foraoisiú nó bunaíocht agrafhoraoiseachta).
MRDV 038	-	**Infheistíocht i bhforaoisí atá ann cheana** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 73 de Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le hinfheistíochtaí i bhforaoisí atá ann cheana (amhail infheistíocht i limistéar foraoise nó infheistíochtaí in innealra agus próiseáil).
	Feirmeoirí óga, feirmeoirí nua agus gnólachtaí nuathionscanta tuaithe a chur i mbun gnó	
MRDV 039	-	**Grúpaí feirmeoirí óga a bhunú** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 75 de Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le feirmeoirí óga a chur i mbun gnó.
MRDV 040	-	**Gnólacht nuathionscanta gnó tuaithe a bhaineann leis an talmhaíocht nó an fhoraoiseacht, lena n-áirítear feirmeoirí nua a chur i mbun gnó** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 73 de Rialachán (AE) 2021/2115, maidir le gnólacht nuathionscanta gnó tuaithe a bhaineann leis an talmhaíocht nó foraoiseacht, lena n-áirítear feirmeoirí nua a chur i mbun gnó.
MRDV 041	-	**Gnólacht nuathionscanta gnó tuaithe (eagraíochtaí neamhthalmhaíochta)** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 75 de Rialachán (AE) 2021/2115, maidir le gnólacht nuathionscanta gnó tuaithe (gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta).
MRDV 042	-	**Gnólacht nuathionscanta gnó tuaithe chun ioncam teaghlaigh feirme a éagsúlú go gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 73 de Rialachán (AE) 2021/2115, maidir le gnólacht nuathionscanta gnó tuaithe chun ioncam teaghlaigh feirme a éagsúlú go gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta.

TUAIRISC AR ATHRÓGA FORBARTHA TUAITHE		
	Uirlisí bainistithe riosca	
MRDV 043	-	**Uirlisí bainistithe riosca** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 76 de Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le huirlisí bainistithe riosca amhail árachas agus cistí frithpháirteacha.
	Comhar	
MRDV 044	-	**Comhar chun scéimeanna cáilíochta a chur chun cinn agus chun tacú leo** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 77 de Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le comhar chun scéimeanna cáilíochta a chur chun cinn agus chun tacú leo.
MRDV 045	-	**Comhar chun tacú le grúpaí táirgeoirí, le heagraíochtaí táirgeoirí nó le heagraíochtaí idirchraoibhe** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 77 de Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le comhar chun scéimeanna cáilíochta a chur chun cinn agus chun tacú leo.
MRDV 046	-	**Comhar lena ndírítear ar chuspóirí comhshaoil agus aeráide** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 77 de Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le comhar lena ndírítear ar chuspóirí comhshaoil agus aeráide.
MRDV 047	-	**Comhar le haghaidh athnuachan glúine** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 77 de Rialachán (AE) 2021/211, maidir le comhar le haghaidh athnuachan glúine.
MRDV 048	-	**Tionscadail nuálacha Ghrúpa Oibríochtúil EIP a ullmhú agus a chur chun feidhme** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 77 de Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le tionscadail EIP a ullmhú agus a chur chun feidhme.
	Malartú eolais agus scaipeadh faisnéise	
MRDV 049	-	**Foghlaim ó thorthaí thionscadail nuálacha Ghrúpa Oibríochtúil EIP** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 77 de Rialachán (AE) 2021/2115, maidir le foghlaim ó thorthaí thionscadail nuálacha Ghrúpa Oibríochtúil EIP.
MRDV 050	-	**Páirt a ghlacadh in oiliúint agus i dtaispeáint ar an bhfeirm** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 78 de Rialachán (AE) 2021/2115 maidir le páirt a ghlacadh in oiliúint (lena n-áirítear aon chineál oiliúna grúpa, ríomhfhoghlaim, foghlaim trí thaispeáint ar an bhfeirm nó imeachtaí eile malartaithe eolais).
MRDV 051	-	**Comhairle ar an bhfeirm a fháil** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha faoi Airteagal 78 de Rialachán (AE) 2021/2115, maidir le comhairle duine le duine ar an bhfeirm agus comhairle ina ndírítear go sonrach ar an bhfeirm shonrach agus ar shaincheisteanna feirmeora sonracha.
	Nuachóiriú agus Digitiú	
MRDV 052		**Infheistíocht in uirlisí digiteacha le haghaidh córas uiscithe nua nó córas uiscithe atá ann cheana** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha chun infheistíocht a dhéanamh in uirlisí digiteacha le haghaidh córas uiscithe nua nó córas uiscithe atá ann cheana faoi Airteagal 114(b) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2115

TUAIRISC AR ATHRÓGA FORBARTHA TUAITHE		
MRDV 053		**Infheistíochtaí in uirlisí digiteacha le haghaidh feirmeacha beaga** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha chun infheistíocht a dhéanamh in uirlisí digiteacha le haghaidh feirmeacha beaga faoi Airteagal 114(b) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2115
MRDV 054		**Infheistíochtaí a dhéanamh in uirlisí digiteacha chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha chun infheistíocht a dhéanamh in uirlisí digiteacha chun fuinneamh in-athnuaite a tháirgeadh faoi Airteagal 114(b) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2115
MRDV 055		**Infheistíocht i bhfeirmeoireacht bheacht** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha chun infheistíocht a dhéanamh i bhfeirmeoireacht bheacht faoi Airteagal 114(b) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2115
MRDV 056		**Comhairle nó oiliúint in uirlisí/scileanna digiteacha** Bhain an gabháltas talmhaíochta tairbhe as idirghabhálacha maidir le comhairle nó oiliúint i dtaca le uirlisí/scileanna digiteacha faoi Airteagal 114(b) de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2115

MODÚL 3. TITHÍOCHT AINMHITHE AGUS BAINISTIÚ AR AOILEACH

TUAIRISC AR ATHRÓGA TITHÍOCHTA AINMHITHE AGUS BAINISTITHE AR AOILEACH			
Topaic: tithíocht ainmhithe *Áiteanna i dtithíocht ainmhithe d'eallach, do mhuca agus d'éanlaith chlóis. Tagraíonn an téarma '**áiteanna**' don líon ainmhithe a bhíonn i dtithe ainmhithe de ghnáth le linn na bliana tagartha. Ciallaíonn sé sin nach mór líon na n-ainmhithe a cheartú ar an lá tagartha mura bhfuil gnáthchoinníollacha i gceist (róthithíocht, tearcthithíocht, folmhú sláintíochta, scéimeanna táirgthe speisialta, etc.). Níl ach tithíocht ainmhithe atá in úsáid le linn na tréimhse tagartha le taifeadadh. Taifeadtar freisin an líon áiteanna atá folamh go sealadach sna tithe ainmhithe le linn na tréimhse tagartha.* *Sainmhínítear ainmhithe i gCroí-Roinn III. ATHRÓGA BEOSTOIC*			
	Topaic mhionsonraithe: tithíocht bó-ainmhithe		
MAHM 001	-	**Ba déiríochta** Meánlíon na mbó déiríochta sa bhliain tagartha.	
MAHM 002	-	-	**Ba déiríochta i stallaí stáinsí (sciodar)** An líon áiteanna le haghaidh ba déiríochta i stallaí stáinsí ina bhfuil bainistiú ar sciodar.
MAHM 003	-	-	**Ba neamhdhéiríochta i stallaí stáinsí (aoileach soladach)** An líon áiteanna le haghaidh ba déiríochta i stallaí stáinsí ina bhfuil bainistiú ar aoileach soladach.
MAHM 004	-	-	**Ba déiríochta i dtithíocht scaoilte/chubhachail (sciodar)** An líon áiteanna le haghaidh ba déiríochta i dtithíocht scaoilte/chubhachail ina bhfuil bainistiú ar sciodar.
MAHM 005	-	-	**Ba déiríochta i dtithíocht scaoilte/chubhachail (aoileach soladach)** An líon áiteanna le haghaidh ba déiríochta i dtithíocht scaoilte/chubhachail ina bhfuil bainistiú ar aoileach soladach.
MAHM 006	-	-	**Ba déiríochta i gcineálacha eile tithíochta (sciodar)** An líon áiteanna le haghaidh ba déiríochta i gcineálacha eile tithíochta, nach n-aicmítear áit ar bith eile, ina bhfuil bainistiú ar sciodar.

TUAIRISC AR ATHRÓGA TITHÍOCHTA AINMHITHE AGUS BAINISTITHE AR AOILEACH			
MAHM 007	-	-	**Ba déiríochta i gcineálacha eile tithíochta (aoileach soladach)** An líon áiteanna le haghaidh ba déiríochta i gcineálacha eile tithíochta, nach n-aicmítear áit ar bith eile, ina bhfuil bainistiú ar aoileach soladach.
MAHM 008	-	-	**Ba déiríochta atá lasmuigh i gcónaí** An líon áiteanna le haghaidh ba déiríochta atá lasmuigh i gcónaí.
MAHM 009	-	-	**Ba déiríochta atá lasmuigh cuid den am (innilt)** Míonna a chaitheann ba déiríochta lasmuigh ag innilt.
MAHM 010	-	-	**Ba déiríochta a bhfuil rochtain acu ar chlóis aclaíochta** Clóis aclaíochta a bheith ann do bha déiríochta.
MAHM 011	-	**Bó-ainmhithe eile** Meánlíon na mbó-ainmhithe eile sa bhliain tagartha.	
MAHM 012	-	-	**Bó-ainmhithe eile i stallaí stáinsí (sciodar)** An líon áiteanna le haghaidh bó-ainmhithe eile i stallaí stáinsí ina bhfuil bainistiú ar sciodar.
MAHM 013	-	-	**Bó-ainmhithe eile i stallaí stáinsí (aoileach soladach)** An líon áiteanna le haghaidh bó-ainmhithe eile i stallaí stáinsí ina bhfuil bainistiú ar aoileach soladach.
MAHM 014	-	-	**Bó-ainmhithe eile i dtithíocht scaoilte/chubhachail (sciodar)** An líon áiteanna le haghaidh bó-ainmhithe eile i dtithíocht scaoilte/chubhachail ina bhfuil bainistiú ar sciodar.
MAHM 015	-	-	**Bó-ainmhithe eile i dtithíocht scaoilte/chubhachail (aoileach soladach)** An líon áiteanna le haghaidh bó-ainmhithe eile i dtithíocht scaoilte/chubhachail ina bhfuil bainistiú ar aoileach soladach.
MAHM 016	-	-	**Bó-ainmhithe eile i gcineálacha eile tithíochta (sciodar)** An líon áiteanna le haghaidh bó-ainmhithe eile i gcineálacha eile tithíochta, nach n-aicmítear áit ar bith eile, ina bhfuil bainistiú ar sciodar.
MAHM 017	-	-	**Bó-ainmhithe eile i gcineálacha eile tithíochta (aoileach soladach)** An líon áiteanna le haghaidh bó-ainmhithe eile i gcineálacha eile tithíochta, nach n-aicmítear áit ar bith eile, ina bhfuil bainistiú ar aoileach soladach.
MAHM 018	-	-	**Bó-ainmhithe eile atá lasmuigh i gcónaí** An líon áiteanna le haghaidh bó-ainmhithe eile atá lasmuigh i gcónaí.
MAHM 019	-	-	**Bó-ainmhithe eile atá lasmuigh cuid den am (innilt)** Míonna a chaitheann na bó-ainmhithe eile sin lasmuigh ag innilt.
MAHM 020	-	-	**Bó-ainmhithe eile a bhfuil rochtain acu ar chlóis aclaíochta** Clóis aclaíochta a bheith ann do bhó-ainmhithe.
	Topaic mhionsonraithe: tithíocht muc		
MAHM 021	-	**Cránacha pórúcháin** Meánlíon na gcránacha porúcháin sa bhliain tagartha.	

TUAIRISC AR ATHRÓGA TITHÍOCHTA AINMHITHE AGUS BAINISTITHE AR AOILEACH			
MAHM 022	-	-	**Cránacha pórúcháin ar urlár lataí** An líon áiteanna le haghaidh cránacha pórúcháin i dtithíocht urláir lataí.
MAHM 023	-	-	**Cránacha pórúcháin ar urlár páirt-lataí** An líon áiteanna le haghaidh cránacha pórúcháin i dtithíocht urláir páirt-lataí.
MAHM 024	-	-	**Cránacha pórúcháin i dtithíocht urláir sholadaigh (seachas domhaineasair)** An líon áiteanna le haghaidh cránacha pórúcháin i dtithíocht urláir sholadaigh seachas domhaineasair.
MAHM 025	-	-	**Cránacha pórúcháin i gcás ina bhfuil an dromchla iomlán ina dhomhaineasair** An líon áiteanna le haghaidh cránacha pórúcháin i dtithíocht domhaineasrach.
MAHM 026	-	-	**Cránacha pórúcháin i gcineálacha eile tithíochta** An líon áiteanna le haghaidh cránacha pórúcháin i gcineálacha eile tithíochta.
MAHM 027	-	-	**Cránacha pórúcháin lasmuigh (saor-raoin)** An líon áiteanna le haghaidh cránacha pórúcháin i gcórais saor-raoin.
MAHM 028	-	-	**Cránacha pórúcháin lasmuigh (saor-raoin)** Míonna a chaitheann cránacha pórúcháin lasmuigh ag innilt, i gcórais saor-raoin.
MAHM 029	-	**Muca eile** Meánlíon na muc eile sa bhliain tagartha.	
MAHM 030	-	-	**Muca pórúcháin ar urlár lataí** An líon áiteanna le haghaidh muca eile i dtithíocht urláir lataí.
MAHM 031	-	-	**Muca eile ar urlár páirt-lataí** An líon áiteanna le haghaidh muca eile i dtithíocht urláir páirt-lataí.
MAHM 032	-	-	**Muca eile i dtithíocht urláir sholadaigh (seachas domhaineasair)** An líon áiteanna le haghaidh muca eile i dtithíocht urláir sholadaigh seachas domhaineasair.
MAHM 033	-	-	**Muca eile i gcás ina bhfuil an dromchla iomlán ina dhomhaineasair** An líon áiteanna le haghaidh muca eile i dtithíocht domhaineasrach.
MAHM 034	-	-	**Muca eile i gcineálacha eile tithíochta** An líon áiteanna le haghaidh muca eile i gcineálacha eile tithíochta.
MAHM 035	-	-	**Muca eile lasmuigh (saor-raoin)** An líon áiteanna le haghaidh muca eile lasmuigh i gcórais saor-raoin.
MAHM 036	-	-	**Muca a bhfuil rochtain acu ar chlóis aclaíochta** Clóis aclaíochta a bheith ann do mhuca eile (muca saor-raoin as an áireamh)
	Topaic mhionsonraithe: tithíocht béaróg		

TUAIRISC AR ATHRÓGA TITHÍOCHTA AINMHITHE AGUS BAINISTITHE AR AOILEACH			
MAHM 037	-	**Béaróga** Meánlíon na mbéaróg sa bhliain tagartha.	
MAHM 038	-	-	**Béaróga i dtithíocht domhaineasrach** An líon áiteanna le haghaidh béaróg i dtithíocht domhaineasrach.
MAHM 039	-	-	**Béaróga i dteach éanlainne (gan easair)** An líon áiteanna le haghaidh béaróg i dtithíocht éanlainne.
MAHM 040	-	-	**Béaróga i gcáis ag a bhfuil criosanna aoiligh** An líon áiteanna le haghaidh béaróg i gcáis ag a bhfuil criosanna aoiligh.
MAHM 041	-	-	**Béaróga i gcáis ag a bhfuil claiseanna doimhne** An líon áiteanna le haghaidh béaróg i gcáis ag a bhfuil claiseanna doimhne.
MAHM 042	-	-	**Béaróga i gcáis ag a bhfuil cró thuas ar mhaidí** An líon áiteanna le haghaidh béaróg i gcáis ag a bhfuil cró thuas ar mhaidí.
MAHM 043	-	-	**Béaróga i gcineálacha eile tithíochta** An líon áiteanna le haghaidh béaróg i gcineálacha eile tithíochta.
MAHM 044	-	-	**Cránacha pórúcháin lasmuigh (saor-raoin)** An líon áiteanna le haghaidh béaróg i gcórais saor-raoin.
Topaic: úsáid cothaitheach agus aoileach ar an bhfeirm			
	Topaic mhionsonraithe: LTÚ a gcuirtear leasachán air		
MAHM 045	-	**LTÚ iomlán arna leasú le leasacháin mhianracha** Heicteáir de limistéar talmhaíochta úsáidte arna leasú le leasacháin mhianracha.	
MAHM 046	-	**LTÚ iomlán arna leasú le haoileach** Heicteáir de limistéar talmhaíochta úsáidte arna leasú le haoileach beostoic.	
	Topaic mhionsonraithe: aoileach a onnmhairíodh ón ngabháltas talmhaíochta agus a allmhairíodh chuige *Glanmhéid an aoiligh beostoic a onnmhairíodh ón bhfeirm nó a allmhairíodh chuig an bhfeirm.*		
		Glanonnmhairiú aoiligh ón bhfeirm *Glanmhéid an aoiligh beostoic a iompraíodh ón bhfeirm nó a tógadh chuig an bhfeirm.*	
MAHM 047	-	-	**Glanonnmhairiú aoiligh leachtaigh/sciodair ón bhfeirm** Méadair chiúbacha sciodair/aoiligh leachtaigh a allmhairítear chuig an ngabháltas talmhaíochta, nó a onnmhairítear uaidh, lena úsáid go díreach mar leasachán nó atá beartaithe le haghaidh próiseáil thionsclaíoch gan beann ar cé acu a dhíoltar, a cheannaítear nó a mhalartaítear saor in aisce é. Áirítear sciodar/aoileach leachtach freisin a úsáideadh chun fuinneamh a tháirgeadh agus atá le hathúsáid sa talmhaíocht ag céim is déanaí.

TUAIRISC AR ATHRÓGA TITHÍOCHTA AINMHITHE AGUS BAINISTITHE AR AOILEACH			
MAHM 048	-	-	**Glanonnmhairiú aoiligh sholadaigh ón bhfeirm** Tonaí aoiligh sholadaigh a allmhairítear chuig an ngabháltas talmhaíochta, nó a onnmhairítear uaidh, lena úsáid go díreach mar leasachán nó atá beartaithe le haghaidh próiseáil thionsclaíoch gan beann ar cé acu a dhíoltar, a cheannaítear nó a mhalartaítear saor in aisce é. Áirítear aoileach soladach freisin a úsáideadh chun fuinneamh a tháirgeadh agus atá le hathúsáid sa talmhaíocht ag céim is déanaí.
	Topaic mhionsonraithe: leasacháin orgánacha agus dhramhaílbhunaithe seachas aoileach		
MAHM 049	-	**Leasacháin orgánacha agus dhramhaílbhunaithe seachas aoileach a úsáidtear ar an ngabháltas talmhaíochta** Tona leasachán orgánach agus dramhaílbhunaithe, seachas aoileach beostoic, a úsáidtear ar an ngabháltas talmhaíochta	

Topaic: teicnící leata aoiligh

Teicnicí chun aoileach a leathadh

	Topaic mhionsonraithe: am ionchorpraithe de réir chineál an leata		
		Leathadh *Leatar aoileach ar dhromchla limistéir talún nó barr, gan úsáid a bhaint as teicnící leata i stráice nó teicnící insteallta.*	
MAHM 050	-	-	**Ionchorprú laistigh de 4 uair an chloig** Banda céatadáin an aoiligh leata iomláin a ionchorpraíodh go meicniúil san ithir laistigh de 4 uair an chloig tar éis an leata.
MAHM 051	-	-	**Ionchorprú tar éis 4 uair an chloig** Banda céatadáin an aoiligh leata iomláin a ionchorpraíodh go meicniúil san ithir idir 4 uair an chloig agus 24 uair an chloig tar éis an leata.
MAHM 052	-	-	**Ionchorprú ar bith** Banda céatadáin an aoiligh leata iomláin i gcás nach ndearnadh aon ionchorprú san ithir nó murar ionchorpraíodh an t-aoileach laistigh de 24 uair an chloig tar éis an leata.
		Leathadh i stráice *Leatar aoileach leachtach nó sciodar leachtach ar limistéar i stráicí comhthreomhara gan aon aoileach idir na stráicí , trí ghaireas (leatóir stráicí) atá feistithe le ceann tancaeir nó tarracóra chun aoileach leachtach nó sciodar a scaoileadh ar leibhéal na talún.*	
MAHM 053	-	-	**Píobán sraoilleach** Banda céatadáin aoiligh leachtaigh nó sciodair a leatar le píobán sraoilleach.
MAHM 054	-	-	**Crú sraoilleach** Banda céatadáin aoiligh leachtaigh nó sciodair a leatar le crú sraoilleach.
		Instealladh *Leatar aoileach leachtach nó sciodar trína chur i scoilteanna a ghearrtar san ithir go dtí doimhneachtaí éagsúla ag brath ar an gcineál insteallta.*	

TUAIRISC AR ATHRÓGA TITHÍOCHTA AINMHITHE AGUS BAINISTITHE AR AOILEACH			
MAHM 055	-	-	**Éadomhain/scoilt oscailte** Banda céatadáin aoiligh leachtaigh nó sciodair a leatar i scoilteanna éadoimhne (thart ar 50 mm ar doimhneacht de ghnáth) gan beann ar cé acu a fhágtar na scoilteanna ar oscailt nó dúnta tar éis an leata.
MAHM 056	-	-	**Domhain/scoilt dhúnta** Banda céatadáin aoiligh leachtaigh nó sciodair a leatar i scoilteanna doimhne (thart ar 150 mm ar doimhneacht de ghnáth) a dhúntar tar éis an leata.

Topaic: saoráidí le haghaidh aoiligh

	Topaic mhionsonraithe: saoráidí agus acmhainn stórála aoiligh *Saoráidí atá beartaithe chun aoileach a stóráil* *Sainmhínítear* ***acmhainn na saoráidí stórála le haghaidh aoiligh*** *mar an líon míonna ar féidir leis na saoráidí stórála an t-aoileach a tháirgtear ar an ngabháltas talmhaíochta a choinneáil gan aon riosca go rithfidh sé chun srutha, agus gan aon fholmhú ócáideach.*	
MAHM 057	-	**Stóráil sholadach aoiligh i gcairn** An céatadán d'aoileach a stóráiltear i gcairn nó i gcruacha gan srian nó i limistéar faoi ghaibhniú oscailte, ar feadh tréimhse roinnt míonna de ghnáth.
MAHM 058	-	**Aoileach atá stóráilte i gcairn mhúirín** An céatadán d'aoileach a stóráiltear i gcairn mhúirín srianta, a aeraítear agus/nó atá measctha.
MAHM 059	-	**Aoileach a stóráiltear i gclaiseanna faoi ghaibhniú ainmhithe** An céatadán d'aoileach a stóráiltear gan mórán uisce breise nó gan aon uisce breise curtha leis, de ghnáth faoi bhun urlár lataí i saoráid ghaibhniúcháin ainmhithe iata, ar feadh tréimhsí is lú ná bliain amháin de ghnáth.
MAHM 060	-	**Aoileach a stóráiltear i gcórais domhaineasrach** An céatadán d'aoileach a charntar le linn timthriall táirgeachta, tréimhse ar féidir leis síneadh go 6 mhí nó 12 mhí.
MAHM 061	-	**Aoileach leachtach/sciodar gan chlúdach** An céatadán d'aoileach a stóráiltear in umair gan chlúdach nó i locháin ar feadh tréimhse is lú ná 1 bhliain amháin de ghnáth.
MAHM 062	-	**Aoileach leachtach/sciodar gan chlúdach tréscaoilteach** An céatadán d'aoileach a stóráiltear in umair nó i locháin, ar feadh tréimhse is lú ná 1 bhliain amháin de ghnáth agus atá clúdaithe le clúdach tréscaoilteach (amhail cré, tuí nó screamh nádúrtha).
MAHM 063	-	**Aoileach leachtach/sciodar gan chlúdach neamh-thréscaoilteach** An céatadán d'aoileach a stóráiltear in umair nó i locháin, ar feadh tréimhse is lú ná 1 bhliain amháin de ghnáth agus atá clúdaithe le clúdach neamh-thréscaoilteach (amhail clúdaigh poileitiléine ard-dlúis nó clúdaigh brú dhiúltaigh).
MAHM 064	-	**Aoileach atá stóráilte i saoráidí eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile** An céatadán d'aoileach (gan beann ar cé acu aoileach soladach nó aoileach leachtach/sciodar atá ann) a stóráiltear i saoráidí eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile.

TUAIRISC AR ATHRÓGA TITHÍOCHTA AINMHITHE AGUS BAINISTITHE AR AOILEACH		
MAHM 065	-	**Leathadh laethúil** An céatadán d'aoileach a bhaintear go tráthrialta de shaoráid ghaibhniúcháin agus a leatar ar thalamh curaíochta nó ar fhéarach laistigh de 24 uair an chloig ón eisfhearadh.
MAHM 066	-	**Aoileach atá stóráilte i gcairn mhúirín** An líon míonna is féidir an t-aoileach soladach a stóráil i gcairn mhúirín srianta.
MAHM 067	-	**Stóráil aoiligh i gclaiseanna faoi ghaibhniú ainmhithe** An líon míonna is féidir aoileach a stóráil sna humair sciodair ar an bhfeirm.
MAHM 068	-	**Stóráil aoiligh i gcórais domhaineasrach** An líon míonna is féidir an t-aoileach a stóráil i gcórais domhaineasrach.
MAHM 069	-	**Stóráil aoiligh leachtaigh/sciodair** An líon míonna is féidir an t-aoileach a stóráil i stóráil leachta/sciodair, gan beann ar an gcumhdach.
MAHM 070	-	**Aoileach atá stóráilte i saoráidí eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile** An líon míonna is féidir an t-aoileach (gan beann ar cé acu aoileach soladach nó aoileach leachtach/sciodar atá ann) a stóráil i saoráidí eile nach n-aicmítear in áit ar bith eile.

MODÚL 4. FÍONGHORT

TUAIRISC AR ATHRÓGA FÍONGHORT

Maidir le hathróga talún, bainfidh úsáid na talún leis an mbliain tagartha.

Na Ballstáit sin arb é 1 000 heicteár ar a laghad na fíonghoirt atá iontu atá faoi fhíniúnacha fíonchaor, a shaothraítear go hiomlán nó go príomha don mhargadh, déanfaidh siad an modúl 'Fíonghort' a chur i gcrích.

Topaic: fíonchaora le haghaidh fíona

	Topaic mhionsonraithe: achar agus aois		
MVIN 001	-	**Fíonchaora le haghaidh fíona** Heicteáir d'fhíniúnacha de chineálacha fíonchaor a fhástar de ghnáth chun sú, úrfhíon agus/nó fíon a tháirgeadh.	
MVIN 002	-	-	**Fíonchaora le haghaidh fíona in aicme aoise < 3 bliana** Heicteáir d'fhíniúnacha d'fhíonchaora le haghaidh fíona in aicme aoise < 3 bliana
MVIN 003	-	-	**Fíonchaora le haghaidh fíona in aicme aoise idir 3 agus 9 mbliana** Heicteáir d'fhíniúnacha d'fhíonchaora le haghaidh fíona in aicme aoise idir 3 agus 9 mbliana
MVIN 004	-	-	**Fíonchaora le haghaidh fíona in aicme aoise idir 10 agus 19 mbliana** Heicteáir d'fhíniúnacha d'fhíonchaora le haghaidh fíona in aicme aoise idir 10 agus 19 mbliana
MVIN 005	-	-	**Fíonchaora le haghaidh fíona in aicme aoise idir 20 agus 29 mbliana** Heicteáir d'fhíniúnacha d'fhíonchaora le haghaidh fíona in aicme aoise idir 20 agus 29 mbliana
MVIN 006	-	-	**Fíonchaora le haghaidh fíona in aicme aoise >= 30 bliana** Heicteáir d'fhíniúnacha d'fhíonchaora le haghaidh fíona in aicme aoise >= 30 bliana

TUAIRISC AR ATHRÓGA FÍONGHORT		
Topaic: cineálacha fíniúna		
Tá feidhm ag tairseach 100 ha maidir le líon na gcineálacha, a gcód agus a limistéar a thuairisciú. Cineálacha a chuimsíonn níos lú ná 100 ha i dtír, tuairiscítear iad faoi 'fíon dearg eile' nó 'fíon geal eile'.		
	Topaic mhionsonraithe: líon na gcineálacha	
MVIN 007	-	**Líon na gcineálacha (iii)** An líon cineálacha údaraithe fíniúnacha fíonchaor le haghaidh fíona sa ghabháltas talmhaíochta.
	Topaic mhionsonraithe: cód agus achar	
MVIN 008_iii		**Limistéar tagartha** Cód tíre.
MVIN 009_iii	-	**Aitheantóir gabháltais talmhaíochta (mar an gcéanna le CGNR 001)** Aitheantóir uathúil an ghabháltais talmhaíochta
MVIN 010_iii	-	**Cód an chineáil fíniúna** Cód an chineáil fíniúna fíonchaor le haghaidh fíona, atá údaraithe lena tháirgeadh agus lena lipéadú agus lena chur i láthair in earnáil an fhíona, i gcur i bhfeidhm Airteagal 81 agus Airteagal 120(2)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 agus Airteagal 50(1)(g) agus Airteagal 51(2) de Rialachán (AE) 2018/273) nó reachtaíocht is déanaí.
MVIN 0011_iii	-	**Limistéar le haghaidh an chineáil fíniúna** Heicteáir de chineálacha fíniúna fíonchaor le haghaidh fíona.